












# Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)

**4 Lúnasa 2026**

**Comhairle Contae Chill Dara**
Kildare County Council

Is le Comhairle Contae Chill Dara na híomhánna,
na léarscáileanna agus na léaráidí go léir, mura luaitear a mhalairt.

**Comhairle Contae Chill Dara, An Roinn Pleanála,
Áras Chill Dara,
Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Contae Chill Dara,
W9 X77F**

**Clár ábhar**

**Cuid 1 Réamhrá ..... 1**
1.1 Réamhrá ..... 1
1.2 Conas na hAthruithe Ábhartha Beartaithe a léamh ..... 1
1.3 Measúnuithe Comhshaoil ..... 2
1.4 Do Ról – Aighneacht a Dhéanamh ..... 2
1.5 Na Chéad Chéimeanna Eile ..... 4
**Cuid 2 Athruithe Ábhartha Beartaithe ..... 7**
Caibidil 1 Réamhrá agus Comhthéacs ..... 7
Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara ..... 7
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 1 ..... 7**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 2 ..... 7**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 3 ..... 9**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 4 ..... 9**
Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta ..... 10
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 5 ..... 10**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 6 ..... 10**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 7 ..... 10**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 8 ..... 10**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 9 ..... 12**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 10 ..... 12**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 11 ..... 12**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 12 ..... 12**
Caibidil 4 Athghiniúint Lár an Bhaile agus Cáilíocht Áite a Sheachadadh ..... 13
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 13 ..... 13**
Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch ..... 14
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 14 ..... 14**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 15 ..... 14**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 16 ..... 14**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 17 ..... 14**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 18 ..... 15**
Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm ..... 16
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 19 ..... 16**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 21 ..... 16**

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 22** .....17
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 23** .....17
Caibidil 7 Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht .....19
Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach .....20
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 24** .....20
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 25** .....20
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 27** .....21
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 28** .....21
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 29** .....22
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 30** .....22
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 31** .....22
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 32** .....22
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 33** .....22
Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil .....23
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 34** .....23
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 35** .....23
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 36** .....25
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 37** .....25
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 38** .....25
Caibidil 10 Cur Chun Feidhme .....27
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 39** .....27
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 40** .....27
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 41** .....27
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 42** .....28
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 43** .....29
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 45** .....31
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 46** .....31
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 47** .....34
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 48** .....36
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 50** .....38
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 51** .....40
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 52** .....41
Aguisín A Léarscáileanna .....43
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 53** .....43

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 55 ....................44**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 56 ....................44**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 57 ....................45**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 58 ....................45**
Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún ....................46
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 59 ....................46**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 60 ....................46**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 61 ....................47**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 62 ....................47**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 63 ....................47**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 64 ....................48**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 65 ....................49**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 66 ....................53**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 67 ....................56**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 69 ....................48**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 71 ....................53**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 72 ....................54**
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 73 ....................54**
Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte – Doiciméad tacaíochta le hAthrú Beartaithe Uimh. 6 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)..............55
**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 74 ....................55**
Cuid 3 Liosta d'Athruithe Neamhábhartha agus d'Earráidí Cló....................56
3.1 Athruithe Neamhábhartha....................56
**Athrú Neamhábhartha Uimh. 1....................56**
**Athrú Neamhábhartha Uimh. 2....................56**
**Athrú Neamhábhartha Uimh. 3....................58**
**Athrú Neamhábhartha Uimh. 4....................58**
3.2 Liosta na nEarráidí Cló ....................58

**Aguisín 1 –** Léarscáileanna

# Cuid 1 Réamhrá

## 1.1 Réamhrá

Leagadh Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), (dá ngairtear an Dréachtphlean anseo feasta), ar taispeáint phoiblí ón gCéadaoin, an 22 Aibreán 2026 go dtí Dé Céadaoin, an 20 Bealtaine 2026, an dá dháta sin san áireamh. Cuireadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na hAighneachtaí a fuarthas maidir le hAthrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Chill Dara lena mbreithniú Dé Máirt, an 16 Meitheamh 2026.

Tar éis dóibh Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú, chinn na Comhaltaí Tofa, ag Cruinniú Speisialta de Chomhairle Contae Chill Dara a tionóladh Dé Luain, an 27 Iúil 2026, Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) a mhodhnú, agus is athrú ábhartha ar an Dréachtphlean iad na modhnuithe sin.

I gcomhréir le hAlt 58(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024 (arna leasú), foilsítear na hAthruithe Ábhartha Beartaithe leis seo le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar feadh tréimhse 4 seachtaine.

## 1.2 Conas na hAthruithe Ábhartha Beartaithe a léamh

Tugtar **Athruithe Ábhartha Beartaithe Uimh. 1 – Uimh. 74 ar na Athruithe Ábhartha Beartaithe** i gCuid 2 agus tá léarscáileanna gaolmhara ag gabháil leo, i gcás inarb ábhartha, agus, i gcás inarb iomchuí, déantar crostagairt do na hathruithe iarmhartacha.

I gcás ina mbíonn tionchar ag na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar chriosuithe úsáide talún, sainaithnítear iad ar Léarscáil Chriosaithe um Úsáid Talún (Athruithe Ábhartha Beartaithe) atá ar fáil in Aguisín 1 den tuarascáil seo. Ina theannta sin, i gcás ina mbeartaítear leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe léarscáileanna eile a chur in ionad léarscáileanna in Aguisín A- Léarscáileanna d'Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú); tá na léarscáileanna sin in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

Taispeántar an téacs atá ann cheana d'Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) i ngnáth-théacs dubh. Taispeántar na scriosuithe atá beartaithe i dtéacs ~~dearg a bhfuil líne tríd~~ . Taispeántar na breiseanna atá beartaithe i gcló *iodálach glas* .

**Tabhair faoi deara:** Má chinneann Comhaltaí Chomhairle Contae Chill Dara, trí rún, an t-athrú a dhéanamh, le haon cheann de na hAthruithe Ábhartha Beartaithe (nó le modhnú beag breise) atá sa tuarascáil seo, ina Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), d'fhéadfadh athruithe iarmhartacha tarlú i gcodanna éagsúla ar fud Dhréachtphlean Lonnaíochta na Sollán agus Aguisín A (Léarscáileanna), lena n-áirítear Imleabhar 1 agus Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna

Cé go ndearnadh gach iarracht na leasuithe iarmhartacha go léir a shainaithint agus a áireamh sa tuarascáil seo, d'fhéadfadh athruithe iarmhartacha breise teacht chun cinn tar éis an t-athrú a dhéanamh.

I gCuid 3 den Tuarascáil, cuirtear liosta ar fáil de na hAthruithe Neamhábhartha a tháinig chun cinn mar chuid de na haighneachtaí a fuarthas maidir leis an Dréachtphlean. Cuirtear an chuid seo ar fáil chun críocha faisnéise amháin. Ina theannta sin, soláthraítear liosta de na hearráidí cló i gCuid 3 a leasófar a luaithe a dhéanfar an t-athrú beartaithe.

## 1.3 Measúnuithe Comhshaoil

I gcomhréir le hAlt 58(13)(b) agus le hAlt 58(13)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024 (arna leasú), chinn Comhairle Contae Chill Dara nach bhfuil Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) ag teastáil agus nach bhfuil Measúnú Cuí (MC) ag teastáil maidir leis na hathruithe ábhartha beartaithe.
Maidir leis sin, foilsítear na doiciméid a leanas le haghaidh cigireachta agus comhairliúchán poiblí:

- Tuarascáil Aguisín um Scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta de bhun na Rialachán um Pleanáil Úsáide Talún – Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) 2025.
- Cinneadh ar scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta.
- Tuarascáil Aguisín um Scagadh le haghaidh Measúnú Cuí de bhun Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE).
- Cinneadh ar scagadh le haghaidh Measúnú Cuí.

## 1.4 Do Ról – Aighneacht a Dhéanamh

Tá cóip de na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar fáil lena hiniúchadh ón 4Lúnasa go dtí 4 i.n. an 1 Meán Fómhair, le linn na ngnáthuaireanta oscailte, ag na háiteanna seo a leanas:

- Ar an tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne ag: https://consult.kildarecoco.ie/ga/browse
- An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Páirc Devoy, Contae Chill Dara W91 X77F.

Ba cheart '**Leasuithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)**' a lua go soiléir ar na haighneachtaí scríofa agus ní mór iad a chur isteach ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- Tríd an tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne ag https://consult.kildarecoco.ie/ga/browse

**NÓ**

- I scríbhinn chuig:
    - An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara W91 X77F

Déan d'aighneacht trí mhodh **amháin** i.e. ar líne nó cruachóip. Ba cheart d'ainm agus i gcás inarb iomchuí, an comhlacht nó an eagraíocht ar a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat agus uimhir/uimhreacha na hAthruithe Ábhartha Beartaithe a lua in aon aighneacht nó tuairim. Ní ghlacfar le haighneachtaí ríomhphoist ná facs ná le haighneachtaí déanacha.

Cuirfidh an t-údarás gach aighneacht maidir leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), agus na doiciméid ghaolmhara san áireamh sula ndéanfar an tAthrú ar an bPlean Forbartha agus beidh siad mar chuid de Thuarascáil reachtúil an Phríomhfheidhmeannaigh a bheidh le hullmhú do na Comhaltaí Tofa.

Ní chuirfear san áireamh ach aighneachtaí a dhéantar i leith na nAthruithe Ábhartha Beartaithe agus na ndoiciméad a ghabhann leo (lena n-áirítear aighneachtaí a bhaineann leis na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag cur i bhfeidhm na nAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an gcomhshaol) sula ndéanfar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán). **Ní féidir** aighneachtaí maidir le haon ghné eile d'Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) a bhreithniú ag an gcéim seo den phróiseas.

Foilseofar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne: https://consult.kildarecoco.ie/ga/browse

Is féidir sonraí faoi do theidlíochtaí agus oibleagáidí príobháideachais faoi RGCS a léamh anseo: Cosaint Sonraí - Comhairle Contae Chill Dara

## 1.5 Na Chéad Chéimeanna Eile

Tar éis na tréimhse comhairliúcháin phoiblí thuas, ullmhófar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le haon aighneacht a fuarthas i ndáil leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 agus leis na doiciméid tionlacain MST agus MC, agus cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Chill Dara lena mbreithniú. Déanfaidh na Comhaltaí breithniú ar na modhnuithe agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine ón dáta a gcuirtear an tuarascáil faoina mbráid.

Agus Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) á dhéanamh, déanfaidh na Comhaltaí Tofa, trí rún, ceann amháin de na nithe seo a leanas: an t-athrú a dhéanamh mar a mhol an t-údarás pleanála ar dtús; an t-athrú a dhéanamh leis na athruithe ábhartha; nó diúltú an t-athrú a dhéanamh.

I gcás ina gcinneann na Comhaltaí Tofa an t-athrú a dhéanamh leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe, féadfaidh siad é sin a dhéanamh faoi réir aon mhodhnuithe bheaga bhreise[1] ar an athrú a mheasann siad a bheith iomchuí.

[1] Measfar modhnú ar an athrú ábhartha a bheith beag sa chás—

(i) nach n-athraíonn sé an athrú ábhartha go substaintiúil ná go hábhartha,
(ii) nach dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an timpeallacht ná ar aon láithreán Eorpach, agus
(iii) nach mbaineann sé le—
(I) méadú ar an achar talún atá criosaithe chun aon chríche, nó
(II) struchtúir chosanta a chur leis an taifead nó a bhaint de.

Ní mór do na Comhaltaí Tofa, agus iad ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail agus le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir, a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach trédhearcach, i gcomhréir leis an 'Cód Iompair do Chomhairleoirí' (Deireadh Fómhair 2021) a ullmhaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú), an próiseas cuí a leanúint agus a chinntiú go mbíonn a gcinntí bunaithe ar chúinsí ábhartha.

# Cuid 2 Athruithe Ábhartha Beartaithe

Tá na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) leagtha amach thíos.

## Caibidil 1 Réamhrá agus Comhthéacs

Níl aon Athruithe Ábhartha Beartaithe ann.

## Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 1

Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Cuid 2.3 'Forbairt Cónaithe Chéimnithe 2029 agus ina dhiaidh sin': an dara mír a leasú agus téacs a chur isteach i ndiaidh an dara mír, mar seo a leanas:

> Cruthóidh na tailte san fhadtéarma comharsanacht inbhuanaithe dhlúth chomhdhlúite i ndlúthghaireacht do Stáisiún Traenach an Náis–na Sollán. Tacófar leis an gcomharsanacht le soláthar spáis oscailte ar ardchaighdeán a thabharfaidh aghaidh ar easnaimh sna Solláin agus sna ceantair máguaird. Ullmhaíodh creat dearaidh uirbigh le haghaidh na dtailte (féach Cuid 10.1.4). ~~Ina theannta sin, déantar foráil i gCuspóir CSO 2.3 maidir le seachadadh céimnithe na dtailte ar feadh shaolré an Phlean agus ina dhiaidh sin.~~ *Mar sin féin, i bhfianaise thábhacht straitéiseach na dtailte seo (Príomhlimistéar Forbartha na Saileog) agus chun a chinntiú go ndéanfar an spás oscailte agus na háiseanna a bhaineann le Príomhlimistéar Forbartha na Saileog a sholáthar ar bhealach comhordaithe, tá sé ríthábhachtach nach mbreithneofar iarratais phleanála ar leithligh. Chun an fhís fhoriomlán do na tailte straitéiseacha seo a chur i gcrích, ullmhófar aon iarratas pleanála amháin (cead 10 mbliana) don láithreán ina iomláine.*

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 2

Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Tábla 2.4 Acmhainn Measta Forbraíochta Cónaithe, a leasú mar seo a leanas:

| Sonrú Criosaithe | Suíomh | Láithreán i Lorg Foirgnithe | Stádas Fóinteachta | Limisté ar an Láithreáin (Heictéar) | Toradh Cónaithe Measta – Aonaid | Glan dlús (teaghaisí in aghaidh an heicteáir –dph) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| C1 | Príomhlimistéar Forbartha an | Tá | Sraith 1 | 3.3 | 118[12] | 4~~0~~*5* dph |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bhóthair Cheang ail | | | | | |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 3**

Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Cuid 2.3.2 Airde Foirgneamh, an ceathrú mír a scriosadh, mar seo a leanas:

> ~~Sainaithnítear sa Phlean seo tailte atá criosaithe agus tailte atá criosaithe mar MU: Úsáid Mheasctha atá suite ó dheas ó Stáisiún Iarnróid na Solláin agus an Náis agus in aice leis mar a bheith oiriúnach chun foirgnimh níos airde a chomhtháthú atá níos airde ná na hairdí foirgnimh atá i réim sna Solláin, faoi réir dearadh agus aitheantas ardchaighdeáin na timpeallachta glactha.~~

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 4**

Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Cuid 2.4 Príomhchuspóir Straitéise: Cuspóir CSO 2.3 a leasú, mar seo a leanas:

**CSO 2.3** Tacú le seachadadh céimnithe Phríomhlimistéar Forbartha na Saileog agus é a éascú le linn shaolré an Phlean agus ina dhiaidh sin. Ceanglófar forbairt chónaithe nua laistigh de Na Saileoga a chéimniú agus a sheachadadh in éineacht leis ~~an~~ soláthar bonneagair shóisialta a shainaithnítear *sa chreat dearaidh uirbigh do thréimhse an phlean seo,* ar na tailte atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste'. Déanfar céimniú na n-aonad cónaithe *agus an bhonneagair shóisialta* a *chomhaontú i scríbhinn tríd an bpróiseas reachtúil um iarratais phleanála do na tailte lena mbaineann,* ~~i gcomhréir leis an gcéimniú cónaithe a leagtar amach faoi Chuid 10.1.4 mura gcomhaontóidh an t-údarás pleanála a mhalairt i scríbhinn.~~

# Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 5

Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, cuspóir breise a chur isteach mar Chuspóir SIO 3.3, mar seo a leanas:

***SIO 3.3*** *Tacú leis an Roinn Oideachais agus Óige maidir le soláthar cóiríochta scoile do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus é a éascú ar thailte atá criosaithe go cuí sna Solláin.*

**TABHAIR FAOI DEARA:** Mar thoradh air sin, déanfar leasú iarmhartach ar an seicheamh uimhrithe atá ann cheana do na Cuspóirí Bonneagair Shóisialta.

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 6

Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, déan leasú ar Chuspóir 3.8 mar seo a leanas:

**SIO 3.8** Maoiniú a lorg go gníomhach ó ghníomhaireachtaí ábhartha agus ó fhoinsí rialtais lena n-áirítear an Ciste um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála (LSSIF) nó foinsí maoinithe eile chun tacaíocht airgeadais a fháil chun saoráidí spóirt agus áineasa a fhorbairt, *go háirithe Tailte Conláiste na Sollán,* sna Solláin.

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 7

Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, déan leasú ar Chuspóir 3.10 mar seo a leanas:

**SIO 3.10** A cheangal go seachadfar bonneagar sóisialta go háirithe Ionad Pobail nua *(laistigh de Phríomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail), Foirgneamh Pobail agus Halla Spóirt (taobh istigh de Thailte Conláiste na Sollán)* chomh maith le hathchóiriú agus síneadh a chur le hIonad Pobail na Sollán atá ann cheana, trí Ranníocaíocht Forbartha Speisialta a chur i bhfeidhm maidir le Príomhlimistéir Forbartha (Príomhlimistéar Forbartha an Tí Feirme Baile, Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail Thiar) i gcás nach gcumhdaítear costais eisceachtúla shonracha le Scéim Ranníocaíochta Forbartha na Comhairle nó trí sholáthar faoi stiúir an fhorbróra agus in éineacht le seachadadh tithíochta.

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 8

Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, cuir cuspóir eile san áireamh mar seo a leanas:

***SIO 3.X*** *Tacú le forbairt spásanna cultúrtha, ealaíon agus taibhithe sna*

*Solláin.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 9**

Caibidil 3, Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 'Cuspóirí Bonneagair Shóisialta', cuspóir breise a chur isteach mar seo a leanas:

***SIO 3.X*** *Tacú le staidéar féidearthachta a dhéanamh chun tailte oiriúnacha a shainaithint agus a mheasúnú chun reilig a sholáthar sna Solláin.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 10**

Caibidil 3, Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, Cuspóir SIO 3.3 a leasú mar seo a leanas:

**SIO 3.3** Idirchaidreamh a dhéanamh le Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Dara chun tacú le soláthar áiseanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí atá suite go cuí agus atá saintógtha chun na saincheisteanna toillte reatha a réiteach agus chun freastal ar riachtanais chúraim leanaí pro-rata na forbraíochta tithíochta le linn thréimhse an phlean.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 11**

Caibidil 3, Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, Cuspóir SIO 3.3 a leasú mar seo a leanas:

**SIO 3.3** Tacú le soláthar áiseanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí atá suite go cuí agus atá saintógtha *(lena n-áirítear saoráidí cúraim leanaí pobail)* chun na saincheisteanna toillte reatha a réiteach agus chun freastal ar riachtanais chúraim leanaí pro-rata na forbraíochta tithíochta le linn thréimhse an phlean.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 12**

Caibidil 3 Bonneagar Sóisialta, Cuid 3.3 Cuspóir Bonneagair Shóisialta, cuir cuspóir breise san áireamh mar seo a leanas:

***SIO 3.X*** *Tacú le forbairt áiseanna coimhdeacha do pháirceanna spóirt, lena n-áirítear seomraí feistis, leithris, áiseanna stórála, páirceáil agus bonneagar tacaíochta gaolmhar chun freastal ar na páirceanna CLG atá beartaithe ag tailte Príomhlimistéar Forbartha na Saileog in éineacht le soláthar páirceanna.*

# Caibidil 4 Athghiniúint Lár an Bhaile agus Cáilíocht Áite a Sheachadadh

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 13

Caibidil 4 Athghiniúint Lár an Bhaile agus Cáilíocht Áite a Sheachadadh, Roinn 4.4 Athghiniúint Lár an Bhaile agus Cuspóirí Cáilíochta Áite a Sheachadadh, déan Cuspóir TCO 4.6 a leasú mar seo a leanas:

**TCO 4.6** Tacú le Máistirphlean Athnuachana ~~Baile~~ *Sráidbhaile* do na Solláin a chur chun feidhme, lena n-ionchorpraítear Seiceáil Sláinte agus foinsí maoinithe ábhartha agus *dheiseanna infheistíochta ó fhoinsí maoinithe ábhartha a chomhordú agus a dhaingniú* a shaothrú *go gníomhach* ar bhonn céimnithe thar shaolré an Phlean agus ina dhiaidh sin.

# Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 14

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch, Cuid 5.2.4 Tailte Fostaíochta a Fhorbairt i mBaile Bhuadain, déan leasú ar an dara halt mar seo a leanas:

> Tá sé de chumas ag an láithreán méid suntasach spáis urláir a sholáthar chun deiseanna fáis earnála aitheanta a chomhlíonadh, lena n-áirítear trádstóráil bheag / mheánmhéide, lóistíocht, tionscal éadrom, agus fiontar oifig-bhunaithe (*lonnaithe ag bealach isteach an láithreáin amháin).*

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 15

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch, Cuid 5.3 Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta, déan leasú ar Chuspóir EDO 5.3 mar seo a leanas:

**EDO 5.3** Tacú le hUiscebhealaí Éireann agus iad a éascú maidir le hathchóiriú, athghiniúint agus soláthar leanúnach íogair áiseanna feadh na Canálach,*, lena chinntiú go bhforbróidh na Solláin mar bhaile ceann scríbe glasbhealaigh.*

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 16

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch, Cuid 5.3 Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta, cuir cuspóir breise isteach mar seo a leanas:

***EDO 5.X*** *Forbairt gníomhaíochtaí/saoráidí turasóireachta nua nó atá ann cheana a spreagadh agus tacú leo, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gCanáil Mhór, Glasbhealach na Canálach Móire agus Abhainn na Life, ag tacú le heispéiris ardchaighdeáin do chuairteoirí, le fiontar áitiúil, agus le caitheamh aimsire gníomhach agus oidhreacht nádúrtha agus thógtha an limistéir á cosaint ag an am céanna.*

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 17

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch, Cuid 5.3 Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta, déan leasú ar Chuspóir EDO 5.7 mar seo a leanas:

**EDO 5.7** Comhoibriú le páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí ábhartha chun turasóireacht a chur chun cinn agus fiontair atá bunaithe ar thurasóireacht ~~agus~~ ~~saoráidí~~, *agus bonneagar tacaíochta (amhail páirceáil agus leithris phoiblí inrochtana) a* dhaingniú sna Solláin.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 18**

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch, Cuid 5.3 Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta, cuir cuspóir breise isteach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***EDO 5.X*** | *Tacú le tionscnaimh turasóireachta lena n-áirítear ardán margaíochta turasóireachta 'Sean-Oirthear na hÉireann' de chuid Fáilte Éireann nó aon fheachtas poiblí de chuid Into Kildare a chuireann na Solláin chun cinn mar cheann scríbe do chuairteoirí.* |

# Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 19

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.5 Bonneagar Glas agus Gorm, an dara mír a leasú mar seo a leanas:

> Leis an bPlean seo, féachtar le líonra bonneagair ghlais agus ghoirm na Sollán a chosaint agus a fheabhsú, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis an ilfheidhmiúlacht a chuireann na líonraí éiceolaíocha sin ar fáil. Tá an líonra bonneagair ghlais agus ghoirm comhdhéanta de chroílimistéar, gnáthóga conaire agus gnáthóga cloiche céimnithe.[29] Is croílimistéar í Abhainn na Life *ina bhfuil an limistéar gnáthóige nádúrtha is mó laistigh de limistéar an Phlean, a dhaingníonn* ~~agus atá mar chuid de~~ líonra bonneagair ghlais agus ghoirm (GBI) na Sollán. *Cuimsíonn líonra GBI líonra idirnasctha de ghnáthóga conaire agus de chlocha céimnithe, mar a léirítear i Léarscáil V2B-6.1 Bonneagar Glas agus Gorm. Feidhmíonn na líonraí mar chonairí éiceolaíocha tábhachtacha laistigh de na Solláin a nascann freisin leis an líonra GBI níos leithne faoin tuath máguaird. Chun na bearnaí idir na conairí éiceolaíocha laistigh den limistéar lonnaíochta a shárú, sainaithnítear sa Phlean naisc idir comhpháirteanna an líonra, a shainaithnítear mar 'Naisc Bonneagair Ghlais chun an Líonra a Neartú' sa Léarscáil, chun an líonra a neartú agus chun feidhmiú mar líonra éiceolaíoch tábhachtach.*

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 20

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.5.1.5 Fálta agus Crannteorainneacha, an chéad mhír a scriosadh mar seo a leanas:

> ~~Lasmuigh de na príomhchonairí, treisítear an bonneagar glas sna Solláin le líonra páirceanna talmhaíochta, fálta sceach, agus spásanna oscailte iarmharacha, a chruthaíonn le chéile gnáthóga cloiche cora a nascann an chanáil, an abhainn agus an tuath máguaird. Tá na gnéithe sin ríthábhachtach chun tréscaoilteacht éiceolaíoch a choinneáil agus chun tacú leis an mbithéagsúlacht áitiúil, agus deiseanna á gcur ar fáil ag an am céanna do mhaoláin ghlasa, agus do limistéir chonláiste idir forbairtí atá ann cheana agus forbairtí a bheidh ann amach anseo.~~

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 21

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.6 Gnáthóga Cloiche Céimnithe, an chuid a leasú chun an mhír seo a leanas a áireamh roimh Chuid 6.6.1, mar seo a leanas:

> *Lasmuigh de na príomhchonairí, treisítear an bonneagar glas sna Solláin le líonra páirceanna talmhaíochta, fálta sceach, agus spásanna oscailte iarmharacha, a chruthaíonn le chéile gnáthóga cloiche cora a nascann an chanáil, an abhainn agus an tuath máguaird. Tá na gnéithe sin ríthábhachtach chun tréscaoilteacht éiceolaíoch a choinneáil agus chun tacú leis an*

*mbithéagsúlacht áitiúil, agus deiseanna á gcur ar fáil ag an am céanna do mhaoláin ghlasa, agus do limistéir chonláiste idir forbairtí atá ann cheana agus forbairtí a bheidh ann amach anseo.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 22**

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.6.1 Locháin Tanúcháin Bhaile Osbeird, an téacs agus Tábla 6.1 a leasú, mar seo a leanas:

**Cuid 6.6.1 Locháin Tanúcháin ~~Bhaile Osbeird~~**
Shainaithin Suirbhé ar Bhogaigh Chontae Chill Dara 2012-2014 231 bogach ar mhaithe le leas bithéagsúlachta áitiúil sa chontae, a bhfuil tábhacht A (Idirnáisiúnta), B (Náisiúnta), C+ (Contae) agus C (Áitiúil) rátáilte ag 125 díobh. Áirítear ar an liosta láithreán bogaigh amháin sna Solláin, ~~Locháin~~ Tanúcháin ~~Bhaile Osbeird~~ (Cód Láithreáin KWS 17~~7~~*8*), atá suite ar thailte atá criosaithe 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' atá suite díreach ó dheas ó Bhóthar Ceangail na Sollán i limistéar atá suite idir tuilemhá Abhainn na Life agus an Chanáil Mhór, mar a léirítear ar Léarscáil V2B-6.1 (Bonneagar Glas agus Gorm). Rangaítear an bogach sa Suirbhé, mar seo a leanas:

**Tábla 6.1:** Locháin ~~Tanúcháin~~ Bhaile Osbeird a Rangú sa Suirbhé ar Bhogaigh Chontae Chill Dara 2012-2014

| Cód Láithreáin KWS | Ainm an Láithreáin | Rangú |
|---|---|---|
| 17~~7~~*8* | Locháin ~~Tanúcháin Bhaile Osbeird~~ | ~~C~~*E* ~~Luach~~ *Ard* Íseal, tábhachtach go háitiúil |
| • ~~Rangaítear an láithreán seo mar láithreán bogaigh ardluacha a bhfuil tábhacht áitiúil leis agus a bhfuil leibhéal ard nádúrthachta agus bithéagsúlachta aige agus ina bhfuil speicis éan fiáin ina bhfuil ealaí atá cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra, 1976-2018.~~<br>• ~~Tacóidh an láithreán seo le raon níos leithne speiceas plandaí agus ainmhithe laistigh d'éiceachóras na mbogach agus feabhsóidh sé nascacht éiceolaíoch le hAbhainn na Life san iarthar agus leis an gCanáil Mhór ó dheas ón láithreán.~~ | | |

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.6.1 Locháin Tanúcháin Bhaile Osbeird, cuir an abairt bhreise seo a leanas isteach roimh an abairt deiridh sa chuid, mar seo a leanas:

*Taifeadtar Bogach Bhaile Osbeird faoi Thábla 12.6 Láithreáin Suirbhéireachta Bogach Chontae Chill Dara i gCuid 12.11 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú).*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 23**

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, 6.8 Cuspóirí Oidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta, cuir cuspóirí nua isteach, mar seo a leanas:

***GBIO 6.3*** *Ról na Life, na Canálach Móire, na Canálach Tirime agus na gconairí líne iarnróid a shainaithint, a chosaint agus a fheabhsú mar phríomhbhealaí éiceolaíocha trí limistéar an Phlean chun*

*tacú leis an mbithéagsúlacht agus chun soghluaisteacht speiceas a fheabhsú.*

***GBIO 6.4*** *A chinntiú go dtugann tograí forbartha nua atá taobh leis an gCanáil Mhór i lár an bhaile freagairt deartha chuí lena n-áirítear slánachar faoi réir measúnaithe a bhaineann go sonrach le láithreán agus comhairliúcháin le hUiscebhealaí Éireann, chun feidhmeanna oibríochtúla, oidhreachta, éiceolaíocha agus áineasa chonair na canála a chosaint, rochtain a choinneáil d'Uiscebhealaí Éireann, taitneamhacht an chosáin tarraingthe a chosaint, agus feabhsú réimse poiblí taobh na canála a éascú.*

## Caibidil 7 Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht

Níl aon Athruithe Ábhartha Beartaithe ann.

# Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 24

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Roinn 8.3 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, cuir téacs breise isteach ag deireadh an tríú halt, mar seo a leanas:

> I gcomhréir leis an dea-chleachtas, ba cheart, nuair is féidir, conairí coisithe agus lánaí rothaíochta a dheighilt de réir na bprionsabal atá sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS). Léirítear roinnt beart taistil gníomhach laistigh agus lasmuigh de theorainn an Phlean, áirítear bearta a thaispeántar lasmuigh den teorainn chun críocha comhthéacs agus faisnéise amháin. Ní mór an bealach beacht agus an cineál bonneagair a chinneadh trí staidéar a dhéanamh amach anseo agus trí dhearadh mionsonraithe, *lena n-áirítear léiriú ar chomhlíonadh cheanglais Fhoilseacháin Bhonneagar Iompair Éireann (TII) ina dtarlaíonn idirghníomhaíochtaí leis an ngréasán bóithre náisiúnta.*

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 25

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.3 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, Tábla 8.2 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, cuir téacs breise isteach faoi PT 3, PT 4, PT 5 agus PT 7, mar seo a leanas:

| Iompar Poiblí | | |
|---|---|---|
| PT 3[37] | Bealach Bus Áitiúil<br><br>Bealach Bus an Láir – Bealach Táscach *(faoi réir toradh staidéir féidearthachta agus maoinithe)* | Gearrthéarmach (1 Bhliain- 2 Bhliain) |
| PT 4 | Bealach Bus Áitiúil<br>Bealach Bus an Iarthair – Bealach Táscach *(faoi réir toradh staidéir féidearthachta agus maoinithe)* | Fadtéarmach (6-10 mBliana) |
| PT 5 | Bealach Bus Áitiúil<br>Bealach Bus an Oirthir – Bealach Táscach *(faoi réir toradh staidéir féidearthachta agus maoinithe)* | Gearrthéarmach (1 Bhliain- 2 Bhliain) |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 26**

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, déan leasú ar Chuspóir MATO 8.1, mar seo a leanas:

**MATO 8.1** Tacú le modhanna iompair inbhuanaithe sna Solláin agus iad a chur chun cinn trí na bearta a shonraítear i dTábla 8.2 agus a léirítear ar Léarscáil V2B-8.1 (Bearta Iompair) a chur chun feidhme i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha amhail an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus Iarnród Éireann agus trí mhaoiniú a lorg go gníomhach do na bearta ó ghníomhaireachtaí ábhartha agus ó fhoinsí rialtais. Beidh na bearta táscacha mar bhonn do thionscadail aonair, a bheidh faoi réir próiseas deartha mionsonraithe, lena n-áirítear measúnú comhshaoil agus/nó éiceolaíoch, i gcás inarb infheidhme. Ionchorprófar sna bearta uile réitigh nádúrbhunaithe ar bhainistiú uisce dromchla. Tabharfaidh tionscadail a chuimsíonn bearta a bhfuil tionchar acu ar an ngréasán bóithre náisiúnta aird ar na Treoirlínte um Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (DoECLG, 2012) ~~(nó aon chomharba orthu)~~ agus *léireoidh siad comhlíonadh le Bonneagar Iompair Éireann (*TII*)* *agus ar* riachtanais Fhoilseacháin TII, i gcás inarb ábhartha.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 27**

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, déan leasú ar Chuspóir MATO 8.9, mar seo a leanas:

**MATO 8.9** Imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé nasc gníomhach taistil (siúl agus rothaíocht) *a dearfar i gcomhréir le DMURS agus i gcomhréir le Foilseacháin Bhonneagar Iompair Éireann (TII), de réir mar is cuí* a chur ar fáil idir na Solláin agus Páirc Bhaile Chairdif trí Phríomhlimistéar Forbartha na Saileog mar a leagtar amach i gCuid 10.1.4.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 28**

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, cuir cuspóir breise isteach, mar seo a leanas:

***MATO 8.X*** *Ath-leithdháileadh spás bóthair i lár an bhaile a éascú, go dtí go ndéanfar Bóthar na Sollán R704 a athaicmiú mar bhóthar áitiúil.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 29**

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, cuir cuspóir breise isteach, mar seo a leanas:

***MATO 8.X*** *Imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé srianta ar Fheithiclí Earraí Troma (HGV) a chur i bhfeidhm, tar éis Bóthar na Sollán R704 a athaicmiú chuig bóthar áitiúil.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 30**

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, cuir cuspóir breise isteach, mar seo a leanas:

***MATO 8.X*** *Imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Criosanna Sábháilte Scoile a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Clár Bealaí Sábháilte na Scoile de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 31**

Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, cuir cuspóir breise isteach, mar seo a leanas:

***MATO X.X*** *Tacú le seachadadh dara stáisiún iarnróid, agus é a éascú, atá suite siar ó na Solláin, i gcomhar le hIarnród Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear saoráid pháirceála agus taistil (1,000 spás), agus seirbhís iarnróid leictrithe a sheachadadh sna Solláin.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 32**

Caibidil 8, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, cuir cuspóir breise isteach, mar seo a leanas:

***MATO X.X*** *A cheangal go gcuirfear isteach Measúnú Tráchta agus Iompair (TTA), arna ullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí, le hiarratais phleanála ar fhorbairtí ar dócha go nginfidh siad gluaiseachtaí suntasacha tráchta nó go mbeidh tionchar acu ar an ngréasán iompair máguaird.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 33**

Caibidil 8, Cuid 8.4 Cuspóirí Gluaiseachta agus Taistil Ghníomhaigh, cuir cuspóir breise isteach, mar seo a leanas:

***MATO X.X*** *Imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé síneadh a chur le Glasbhealach beartaithe na Canálach Móire (Beart P16) ó Ché / Chaladh na Sollán / feadh Chuan an Mhuilinn go dtí Bóthar na Sollán R407.*

## Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 34

Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Cuid 9.2 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil sna Solláin, Tábla 9.1 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil sna Solláin, cuir téacs breise isteach faoin dara halt den tábla a bhaineann le Soláthar Uisce, mar seo a leanas:

| Soláthar Uisce |
|---|
| Tagann an soláthar uisce sna Solláin ó Chrios Acmhainní Uisce Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA).<br>De réir Chlár Acmhainneachta Soláthair Uisce 10 mBliana Uisce Éireann (a foilsíodh ~~i mí an Mheithimh 2023~~ *i mí Aibreáin 2026*) tá acmhainneacht fhéideartha ar fáil sna Solláin chun freastal ar fhás spriocdhírithe an daonra go 2034*5* ach beidh gá le feabhas a chur ar an Leibhéal Seirbhíse (LoS). *Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara; níl sa chlár ach léiriú ar an acmhainn atá ar fáil ar an dáta eisiúna agus tá sé faoi réir athraithe agus foilsítear é go bliantúil ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann.* |

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 35

Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Cuid 9.2 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil sna Solláin, Tábla 9.1, *Measúnú Riosca Tuilte a Bhaineann go Sonrach le Láithreán*, cuir alt breise isteach ag deireadh an téacs mar seo a leanas:

*Ba cheart láithreáin a léirítear go bhfuil tionchar ag méideanna tuilte an athraithe aeráide orthu ar Léarscáil V2B-9.3 Riosca Tuilte - Cás Lár-raoin sa Todhchaí an Athraithe Aeráide agus Léarscáil V2B-9.4 Riosca Tuilte - Cás Ardleibhéil sa Todhchaí an Athraithe Aeráide a bheith faoi réir Mheasúnú Riosca Tuilte a bhaineann go sonrach le Láithréan ag Céim 3 ag céim na Bainistíochta Forbartha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag méideanna tuilte an athraithe aeráide ar an bhforbairt bheartaithe agus chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon mhéadú ar an riosca tuilte in áiteanna eile.*
*D'fhéadfadh go n-áireofaí sa mhaolú socrú cuí ar leibhéil urláir chríochnaithe / leibhéil talún críochnaithe lena n-áirítear saorbhord de réir na treorach um Bainistiú Forbartha mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chontae Chill Dara (CDP) MSRT (tagraíonn Cuspóir IEO 9.7 dó). I gcomhréir le caighdeán reatha an tionscail, leagtar amach in MSRT CDP Chill Dara gur cás 'dóchúil' a bheidh sa Cás Lár-raoin sa Todhchaí (MRFS), agus mar sin tá réamh-mheastacháin MRFS le húsáid mar bhonn don mheasúnú ar an athrú aeráide agus aird á tabhairt ar an gCás Ardleibhéil sa Todhchaí i gcás inarb iomchuí.*

Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Cuid 9.3 Cuspóirí Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, déan leasú ar Chuspóir IEO 9.7 mar seo a leanas:

**IEO 9.7** (a) A chinntiú go bhfuil gach togra forbartha ina n-ábhar do Mheasúnú Riosca Tuilte a bhaineann go Sonrach le Láithreán

agus atá oiriúnach do chineál agus scála na forbartha atá beartaithe, de réir fhorálacha an Chórais Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, RCPRÁ agus Oifig na nOibreacha Poiblí (2009) agus Ciorclán PL02/2014 (Lúnasa 2014).

*(b) A chinntiú go bhfuil gach forbairt ar thailte a bhfuil tionchar ag méideanna tuilte an athraithe aeráide orthu ar Léarscáil V2B-9.3 Riosca Tuilte – Cás Lár-raoin sa Todhchaí an Athraithe Aeráide agus Léarscáil V2B-9.4 Riosca Tuilte - Cás Ardleibhéil sa Todhchaí an Athraithe Aeráide faoi réir Mheasúnú Riosca Tuilte Chéim 3 a bhaineann go sonrach le suíomh ag céim bainistíochta forbartha.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 36**

Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Cuid 9.3 Cuspóirí Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, déan leasú ar Chuspóir IEO 9.1 mar seo a leanas:

**IEO 9.1** Oibriú i gcomhar le ~~Líonraí~~ *BSL* Éireann chun soláthar leictreachais leordhóthanaigh a chur in ord tosaíochta agus a éascú ar bhealach a thacóidh leis an éileamh ar fhás daonra na Sollán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 37**

Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Cuid 9.3 Cuspóirí Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, cuir cuspóir nua isteach mar seo a leanas:

***IEO 9.8*** *A cheangal go ndéanfar scéimeanna cónaithe atá an-ghar do bhóithre a mbíonn trácht trom orthu amhail Mótarbhealach an M7 nó an líne iarnróid a dhearadh agus a thógáil chun drochthionchair a íoslaghdú, go háirithe suaitheadh torainn. Beidh speisialtóir fuaime atá cáilithe go cuí páirteach sa phróiseas dearaidh forbartha, agus aird ar leith á tabhairt ar Phlean Gníomhaíochta Torainn Chill Dara 2019-2023 (nó aon phlean ina dhiaidh sin), Caibidil 3 de na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (DoECLG, 2012), Léarscáileanna 'Comhshaoil agus Folláine' EPA mar a leagtar amach faoi Fhíor 9.1 Mapáil Torainn (Iarnród agus Bóthar). Cuirfear isteach Ráiteas um Dhearadh Fuaimiúil, lena n-áirítear tograí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thorann iarthógála, lena léireofar go soiléir go seachnófar drochthionchair shuntasacha torainn le hiarratais ar fhorbairt.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 38**

Caibidil 9 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Cuid 9.3 Cuspóirí Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, cuir cuspóir nua isteach mar seo a leanas:

***IEO 9.X*** *Dul i gcomhairle le Líonraí BSL agus Uisce Éireann sula gcuirfear i bhfeidhm aon oibreacha nó gluaiseacht shuntasach de chuid na Réimse Poiblí agus aon Bhearta Gluaiseachta agus Taistil Gníomhaigh sna Sollán chun tionchair ar bhonneagar*

*leictreachais, uisce nó fuíolluisce atá ann cheana nó atá beartaithe a sheachaint agus/nó a mhaolú.*

# Caibidil 10 Cur Chun Feidhme

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 39

Caibidil 10 Cur chun feidhme, Cuid 10.1 Príomhréimsí Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, cuir fonóta isteach mar seo a leanas:

> Tá creataí dearaidh uirbigh*x* sa Phlean le haghaidh ceithre Phríomhlimistéar Forbartha ar leith agus Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain laistigh de na Solláin.
>
> **Fonóta:** *Ba cheart breathnú ar na Creataí Dearaidh Uirbigh mar threoir uileghabhálach chun cabhrú le príomhpháirtithe leasmhara sa phróiseas bainistíochta forbartha agus ní mór iad a léamh i gcomhar leis an Achoimre Dhearaidh a ghabhann leo. Féadfar solúbthacht a chur i bhfeidhm le linn an phróisis reachtúil um iarratais phleanála agus réamhphleanála (LRD nó cur i bhfeidhm caighdeánach) faoi réir fírinniú fianaise-bhunaithe agus dearadh ardchaighdeáin.*

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 40

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, Foirm Thógtha agus Struchtúr Uirbeach, déan leasú ar an téacs faoin gcúigiú halt, mar seo a leanas:

> Áireofar san fhorbairt príomháiseanna pobail, teach altranais *\/ saoráid cúraim* agus ionad pobail ar na tailte atá criosaithe mar 'E: Pobal agus Oideachas'. ~~Freastalóidh na háiseanna ar an bhforbairt chónaithe nua agus ar na comharsanachtaí atá ann cheana ar an taobh thuaidh den bhaile.~~

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 41

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, déan an téacs a leasú faoi Bhonneagar Glas agus Gorm, Spásanna Oscailte agus Draenáil Uisce Dromchla, mar seo a leanas:

> Ba cheart gnéithe nádúrtha an láithreáin amhail ~~gairdíní pobail,~~ dobharlaigh, ~~fásra~~ atá ann cheana lena n-áirítear fálta sceach, crannteorainneacha agus crainn aibí a choinneáil, a fheabhsú agus a chomhtháthú*in aon scéim dearaidh* ~~a mhéid is féidir~~ chun bithéagsúlacht agus líonraí éiceolaíocha a chosaint laistigh den Phríomhlimistéar Forbartha. *Coimeádfar agus cuirfear na gairdíní pobail (Gort na Saileán) san áireamh i ndearadh foriomlán a mhéid is féidir.*

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Phríomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, déan leasú ar chuid d'Fhíor 10.2: Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail le creat dearaidh uirbigh chun méid na ngairdíní pobail a mhéadú, ón méid seo:



**<u>Go dtí an méid seo:</u>**



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 42**

Caibidil 10 Cur Chun feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.4 Príomhlimistéar Forbartha na Saileog, déan leasú ar an téacs mar seo a leanas:

**Foirm Thógtha agus Struchtúr Uirbeach**

Ba cheart struchtúr na foirme uirbí a dhearadh timpeall ar an mbonneagar glas agus gorm atá ann cheana a sheachadtar trí líonra comhleanúnach spásanna oscailte ina gcuimsítear raon leathan áiseanna agus saoráidí. D'fhéadfadh club spóirt, ~~cúirteanna cispheile,~~ páirceanna *spóirt*~~GAA~~ , ~~cúirteanna padal agus leadóige,~~ *limistéir áineasa oscailte*, clóis súgartha, ~~páirc madraí, gairdíní pobail, páirc cruicéid, rian reatha lúthchleasaíochta, rásraon BMX, amfaitéatar lasmuigh, linnte~~ iascaireachta agus gairdíní báistí a bheith san áireamh.

**Nascacht agus Gluaiseacht**

Ba cheart go ndéanfaí foráil sa togra do cheangail amach anseo le tailte atá taobh le teorainneacha theas agus thoir an láithreáin chun forbairt fhéideartha amach anseo a éascú agus chun cosc a chur ar ~~thalamhiata~~ *thalamhiata*.

Ba cheart go mbeadh radharc ag foirgnimh atá beartaithe ar shráideanna, ar naisc

taistil ghníomhacha agus ar spásanna poiblí, agus béim ar leith á leagan ar choirnéil ghníomhacha lena n-áirítear oscailtí os comhair na sráide chun faireachas éighníomhach a fheabhsú agus sábháilteacht an phobail a fheabhsú. *Ba cheart aird a thabhairt sa dearadh freisin ar ghaireacht Mhótarbhealach an M7 do theorainn theas na Saileog ag féachaint do Chuspóir IEO 9.8.*

**Bonneagar Glas agus Gorm, Spás Oscailte agus Draenáil Uisce Dromchla**
Ba cheart don phlean tírdhreacha bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú trí phlandáil crann dúchasach agus fásra atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a mhéadú i gcomhréir le Cuspóirí BI O3 d'Imleabhar 1 de CDP.

*Spás Oscailte Poiblí ar thailte atá criosaithe le 'F: Spás agus Conláiste Oscailte' atá ina chuid chomhtháite d'fhorbairt chónaithe an phríomhlimistéir forbartha seo, d'fhéadfadh sé cur le soláthar 15% de spás oscailte poiblí i limistéar an láithreáin mar a fhoráiltear faoi Chuid 15.6.6 den Phlean Forbartha, faoi réir spás oscailte atá suite go maith, inúsáidte agus ar ardchaighdeán a sholáthar.*

Tabharfar tosaíocht do réitigh dhúlrabhunaithe ar bhainistiú uisce dromchla laistigh den Phríomhlimistéar Forbartha agus déanfar iad a ailíniú le Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla na Sollán agus le Treoirdhoiciméad Chomhairle Contae Chill Dara maidir le Córais Draenála Inbhuanaithe (2024), de réir Chuspóir IEO 9.5 agus Chuspóir IEO 9.6.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 43**

Caibidil 10 Cur Chun feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.4 Príomhlimistéar Forbartha na Saileog, déan leasú ar an téacs mar seo a leanas:

**Teorainneacha agus Cóireálacha Iontrála**
Ba cheart go ~~mbeadh beirm fhásmhar~~ *soláthróidh sé ag a bhfuil crios maolánach dlúth-thírdhreachaithe 35 mhéadar ar a laghad* feadh na teorann theas mar chuid den fhorbairt chun tionchar ar thorann, *ar sholas* agus ar cháilíocht an aeir a bhaineann leis an Mótarbhealach M7 a mhaolú, agus ag an am céanna chun cur go dearfach le struchtúr an tírdhreacha. *Ba cheart aird a thabhairt ar Chuspóir IEO 9.8, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an gceanglas an crios maolánach a mhéadú/a leasú chun a chinntiú nach mbeidh aon drochthionchar ar chónaitheoirí. Dearfar an bheirm fhásmhar ag féachaint do chomhlíonadh cheanglais Bhonneagar Iompair Éireann (TII) agus Fhoilseacháin ábhartha TII. Is é an forbróir amháin a bheidh freagrach as bearta maolaithe.*

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 44

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhréimsí Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.4 Straitéis Céimnithe, bain an chuid den Dréachtphlean a bhaineann leis an Straitéis Céimnithe lena n-áirítear Tábla 10.1 mar seo a leanas:

~~**Straitéis Céimnithe**~~
~~Déanfar forbairt ar Phríomhlimistéar Forbartha na Saileog de réir a chéile chun a chinntiú go seachadfar na haonaid chónaithe i bpáirt le bonneagar sóisialta comhréireach thar shaolré an Phlean agus ina dhiaidh sin. Leagtar amach sa Tábla seo a leanas an bonneagar atá le soláthar sna trí chéim den fhorbairt chónaithe.~~

~~**Phase 1 – 240 residential units**~~
~~The following infrastructure should be provided in tandem with Phase 1:~~

~~i. Upgrade of R407 including widening the path and cycle route.~~
~~ii. Dedicated active travel routes from the Waterways to the Phase 1 lands.~~
~~iii. Upgrade of the existing bus stop 10063 on the R407 and enhance the setting in accordance with the National Transport Authority guidelines.~~
~~iv. The provision of the new landscape open space adjoining the bus stop 10063.~~
~~v. The provision of the new landscape parkland space adjoining the northern boundary including playground, basketball courts and community garden.~~




~~**Phase 2 – 280 residential units**~~
~~The following infrastructure should be provided in tandem with Phase 2:~~

~~i. The provision of the new active modes bridge, crossing over the railway line connecting the open space with the north of Sallins.~~
~~ii. Support and facilitate the delivery of the Eastern Spine Bridge, crossing over the M7 Motorway connecting Sallins with Naas through the Monread Shopping Centre.~~
~~iii. The provision of the new landscape parkland space adjoining the northern boundary with The Waterways, including sports building blocks, dog park, rain gardens, fishing pond, GAA pitch, tennis courts and playground.~~




~~**Phase 3 - 274 residential units**~~
~~The following infrastructure should be provided in tandem with Phase 3:~~

~~i. The provision of the new landscape parkland space adjoining the northeast boundary, including rain garden, fishing pond, GAA pitch, community garden, cricket pitch and playground.~~



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 45**

Caibidil 10, Chur Chun feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.5 Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain, déan leasú ar an líne dheireanach den dara halt mar seo a leanas:

> Mar gheall air sin, tá an cumas aige braisle eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn idir na Solláin-an Nás-an Droichead Nua a neartú agus a fhorbairt tuilleadh trí mheascán de réitigh ollstórála/lóistíochta agus oifige ar scála beag/meánscála (*lonnaithe ag bealach isteach an láithreáin agus os comhair thimpeallán Sheachbhóthar na Sollán amháin)*.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 46**

Caibidil 10, Chur chun feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.5 Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain, déan leasú ar théacs an dá phointe dheireanacha faoi na Prionsabail um Dhearadh Uirbeach, mar seo a leanas:

- Níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag *airde agus maisiú an fhoirm thógtha* atá beartaithe ar mhaoine cónaithe atá suite in aice le teorainn theas agus thiar theas an láithreáin.
- Ba cheart *beirm atá suite laistigh* de chrios *maolánach de 20 méadar ar a laghad* a sholáthar idir na limistéir chónaithe atá tadhlach leis an iarthar agus leis an deisceart agus an fhorbairt nua. *Mar sin féin*, ba cheart *méid agus* scála deiridh an mhaoláin tírdhreacha *a chinneadh* bunaithe-ar airde agus ar mhais an chrutha thógála atá beartaithe.

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fo-Chuid 10.1.5 Príomhlimistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain, déan leasú ar an téacs faoi Bhonneagar Glas, Tírdhreachú agus Draenáil Uisce Dromchla, mar seo a leanas:

- Ba cheart don fhorbairt atá beartaithe iarracht a dhéanamh plandáil crann uirbeach iomchuí a chomhtháthú feadh sráideanna inmheánacha agus *beirmeacha thírdhreachtaithe* chun leagan amach na sráide a shainiú agus deighilt amhairc a sholáthar idir aonaid thionsclaíocha *na réadmhaoine tadhlacha,* agus ag an am céanna cur le méadú foriomlán ar chlúdach ceannbhrat crann uirbeach i gcomhréir le Gníomhaíocht BI A29 de CDP.

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.5 Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain, bain Fíor 10.5: Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain, agus an creat dearaidh uirbigh athbhreithnithe a leagtar amach thíos a chur ina ionad:

**Tabhair faoi deara:** Sa chás go nglacfar le AAB Uimh. 73, beidh athruithe iarmhartacha ar Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain ar fud an phlean mar thoradh.

**Fíor 5.1:** Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain



Bain Fíor 10.5: Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 47**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair, cuir téacs breise isteach i dTábla 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair - Na Solláin, mar seo a leanas:

| Tailte Conláiste na Sollán | | |
|---|---|---|
| ***An Bonneagar Riachtanach*** | ***Sceideal Seachadta*** | ***Foinse Maoinithe*** |
| *Tailte Conláiste na Sollán*<br>***Céim 1***<br>*An Chuid Theas den Talamh (16.8 ha) ina bhfuil:*<br>- *príomhbhealach isteach ó bhóthar ceangail na Sollán agus carrchlós,*<br>- *Bealaí isteach tánaisteacha do choisithe agus do rothaithe ó chosán tarraingthe na canála,*<br>- *Líonra cosán a chruthú laistigh den láithreán,*<br>- *Páirc féir nádúrtha amháin ar mhéid páirce CLG*<br>- *Páirc féir nádúrtha amháin ar mhéid páirce sacair*<br>- *Trí pháirc traenála féir*<br>- *Limistéar bogaigh a thógáil*<br>- *Suíocháin*<br>- *Tírdhreachú*<br><br>***Céim 2***<br>*An Chuid Theas den Talamh (16.8ha ha) ina bhfuil:* | *2022: Cuid 8 ceadaithe*<br><br>*2024: Iarratas ar an gCiste um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála (LSSIF)*<br><br>*2025: Deontas LSSIF bronnta ag an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS)*<br><br>*Meitheamh 2026: Deimhniú faighte ón RCCS go bhfuair an tionscadal ceadú Gateway 1, rud a cheadaíonn an tionscadal a chur amach ar tairiscint.*<br><br>*Ullmhú na tairisceana: 12 sheachtain.*<br><br>*R2, 2027: Tús na hoibre ar an láthair, agus meastar go mairfidh an tréimhse tógála 18 mí, faoi réir cheadú Gateway 3 ag an RCCS, lena n-áirítear toradh na tairisceana agus an cás gnó deiridh a chur isteach.* | *An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF)*<br><br>*CCCD - Céim 1 €3.76 milliún*<br><br>*RCCS - An Ciste um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála - €3 milliún* |

| | | |
|---|---|---|
| - *Clós Súgartha,*<br>- *Cuibhrinn Phobail,*<br>- *2 pháirc féir ilúsáideacha bhreise a chríochnú*<br>- *Páirc Uile-aimsire*<br>- *Áiseanna leadóige, cispheile agus páirce scátála,* | | |

| | | |
|---|---|---|
| - *Clárchosán ag an mbogach*<br>- *Na seanfhoirgnimh feirme chloiche a athchóiriú.*<br><br>*An Chuid Thuaidh den Talamh (2.2ha ha) ina bhfuil:*<br><br>- *Bealach isteach ó Bhóthar Ceangail na Sollán le limistéar páirceála ró-shreafa gaolmhar,*<br>- *Líonra cosán,*<br>- *An limistéar tanúcháin uisce atá ann cheana a fheabhsú,*<br>- *An limistéar bogaigh atá ann cheana a mhéadú,*<br>- *Limistéar ardáin le rochtain do chanúnna ar an Life.* | | |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 48**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair, Tábla 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair – Na Solláin, déan leasú ar Phríomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail Thiar – C (3) mar seo a leanas:

| **Príomhlimistéar Forbartha Bhóthar Ceangail an Iarthair – C (3)** | | |
|---|---|---|
| **An Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Seachadta** | **Foinse Maoinithe** |
| Fuíolluisce | | |
| *Línte séarachais atá ann cheana i dtuaisceart an láithréain.* Gá le cead slí agus/nó comhaontú tógála. | I bpáirt leis an bhforbairt nua. | Forbróir |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 49**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.2 Cur Chun Feidhme agus Seachadadh Sceideal, Tábla 10.2: Sceideal um Chur chun Feidhme agus Seachadadh Bonneagair – na Solláin, Príomhlimistéar Forbartha na Saileog – C (5), cuir téacs breise isteach, mar seo a leanas:

| Príomhlimistéar Forbartha na Saileog – C (5) | | |
|---|---|---|
| **An Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Seachadta** | **Foinse Maoinithe** |
| Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach | | |
| Acomhal rochtana cuí, saoráidí trasrianta coisithe gaolmhara, agus oibreacha caighdeánacha eile a bhaineann le rochtain.<br>Riachtanas chun saoráidí taistil ghníomhaigh uasghrádaithe a sholáthar feadh aghaidh an láithreáin.<br>Soláthar droichid choisithe/rothaithe thar líne iarnróid agus cosáin ghaolmhara a nascann Ascaill an Teampaill agus Na hUiscebhealaí a éascú.<br>Tacú le droichead modha taistil inbhuanaithe a fhorbairt thar Mhótarbhealach an M7, chun na Solláin a nascadh leis an Nás, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile *agus i gcomhréir le Foilseacháin TII.* | I bpáirt leis an bhforbairt. | Forbróir/CCCD |
| Draenáil Uisce Dromchla | | |
| Tá fianaise ann go bhfuil tuilte ar an láithreán, i ndáil le Léarscáileanna fairsinge tuilte CFRAM: Cás Lár-raoin sa Todhchaí (MRFS) agus Cás Ardleibhéil sa Todhchaí (HEFS).<br>Bheadh ar an bhforbairt dul trasna gabháltais talún eile chun sruth éalaithe uisce dromchla/sruth éalaithe amach ar dhraenáil bóthair a aimsiú.<br>Comhaontú le húinéirí talún/bóithre taobh leis nó uisce dromchla a choinneáil ar an láithreán, faoi réir oiriúnachta e.g. tástálacha insíothlaithe. *Ní cheadaítear aon nasc le bonneagar draenála an ghréasáin bóithre náisiúnta.* | | |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 50**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.2 Sceideal Cur Chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair, Tábla 10.2 Sceideal Cur Chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair - Na Solláin, mar seo a leanas:

| **Príomhlimistéar Forbartha na Saileog – C (5)** | | |
|---|---|---|
| **An Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Seachadta** | **Foinse Maoinithe** |
| Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach | | |
| Acomhal rochtana cuí, saoráidí trasrianta coisithe gaolmhara, agus oibreacha caighdeánacha eile a bhaineann le rochtain.<br>Riachtanas chun saoráidí taistil ghníomhaigh uasghrádaithe a sholáthar feadh aghaidh an láithreáin *agus spás oscailte tírdhreachtaithe nua tadhlach le stad bus 10063.*<br><br>*Beidh foráil do rochtain áitiúil trasna an limistéir atá criosaithe mar 'F: 'Spás Oscailte agus Conláiste' ceadaithe faoi réir comhaontaithe mar chuid den phróiseas iarratais pleanála.*<br><br>Soláthar droichid choisithe/rothaithe thar líne iarnróid agus cosáin ghaolmhara a nascann Ascaill an Teampaill agus Na hUiscebhealaí *(laistigh de na tailte lena mbaineann amháin)* a éascú.<br><br>Tacú le droichead modha taistil inbhuanaithe a fhorbairt thar Mhótarbhealach an M7 *(laistigh de na tailte lena mbaineann amháin)*, chun na Solláin a nascadh leis an Nás, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile. | I bpáirt leis an bhforbairt. | Forbróir/CCCD |
| Bonneagar Sóisialta | | |
| Soláthar saoráidí crèche.<br><br>Soláthar ~~foirgneamh spóirt~~ *agus raon áiseanna pobail/spóirt*. | Saoráid crèche - Soláthar saoráide amháin a sholáthraíonn 20 áit cúraim leanaí ar a laghad in aghaidh gach 75 áit chónaithe.<br>I bpáirt le forbairt ~~saoráidí spóirt ar~~ | Forbróir / Eagraíochtaí spóirt / Stát / Leathstát |

| | | |
|---|---|---|
| | ~~spás oscailte poiblí.~~ | |
| Draenáil Uisce Dromchla | | |
| Tá fianaise ann go bhfuil tuilte ar an láithreán, i ndáil le Léarscáileanna fairsinge tuilte CFRAM: | | |

| | | |
|---|---|---|
| Cás Lár-raoin sa Todhchaí (MRFS) agus Cás Ardleibhéil sa Todhchaí (HEFS)*(tagraíonn Cuspóir IEO 9.7 dó).*<br>Bheadh ar an bhforbairt dul trasna gabháltais talún eile chun sruth éalaithe uisce dromchla/sruth éalaithe amach ar dhraenáil bóthair a aimsiú.<br>Comhaontú le húinéirí talún/bóithre taobh leis nó uisce dromchla a choinneáil ar an láithreán, faoi réir oiriúnachta e.g. tástálacha insíothlaithe. | | |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 51**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair, Tábla 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair – Na Solláin, Príomhlimistéar Forbartha na Saileog – C (5) déan é a leasú mar seo a leanas:

| **Príomhlimistéar Forbartha na Saileog – C (5)** | | |
|---|---|---|
| **An Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Seachadta** | **Foinse Maoinit he** |
| Fuíolluisce | | |
| *D'fhéadfadh forbairt iomlán (lena n-áirítear éifeacht charnach na láithreán eile) tionchar a imirt ar an bpríomhphíobán aníos agus stáisiún caidéalaithe fuíolluisce le sruth– moltar dul i mbun plé le Uisce Éireann go luath.*<br><br>Síneadh líonra agus/nó d'fhéadfadh stáisiún caidéalaithe a bheith ag teastáil.<br><br>Caithfear fánaí a fhiorú, b'fhéidir go mbeadh sé indéanta dul chuig an stáisiún caidéalaithe de réir domhantarraingthe. | I bpáirt leis an bhforbairt. | Forbróir |

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 52**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme Cuid 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún, Tábla 10.5 Maitrís Chriosaithe um Úsáid Talún, déan leasú ar 'oifigí' faoi 'H: Tionscal agus Ollstóráil' ó 'Ceadaithe i bPrionsabal' go 'Oscailte lena Bhreithniú' agus cuir fonóta isteach, mar seo a leanas:

| ÚSÁID TALÚN | A: Lár an Bhaile | B: Tailte Cónaithe/ Inlíonta atá ann cheana | C: Cónaithe Nua | E: Pobal agus Oideachas[2] | F: Spás Oscailte agus Conláiste | H: Tionscal agus Ollstóráil | I: Talmhaíocht | MU: Úsáid Mheasctha | R: Tráchtáil agus Miondíol | U: Iompar agus Fóntais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigí | T | O[50] | O[51] | N | N | ~~Y~~ *Ox* | N | T | T | N |

**Fonóta:** *Ní dhéanfar forbairt oifige a bhreithniú ach ag an mbealach isteach chuig na tailte lena mbaineann, os comhair an timpealláin. Ní dhéanfar forbairt oifige ar mhórscála a mheas go fabhrach i Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain.*

[2] Féach na cuspóirí a bhaineann go sonrach le láithreán maidir le criosú úsáide talún do 'E: Pobal agus

Oideachas' atá leagtha amach i gCuid 10.

# Aguisín A Léarscáileanna

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 53

Aguisín A –Léarscáileanna, Tag. Léarscáile: V2B-6.1 Bonneagar Glas agus Gorm, cuir an léarscáil athbhreithnithe in ionad na léarscáile atá ann cheana, lena ndéantar an eochair agus an mhapáil a nuashonrú chun iad a ailíniú leis an leasú a rinneadh ar Chuid 6.5 Bonneagar Glas agus Gorm sa Dréachtphlean, mar seo a leanas:






**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 54**

Léarscáileanna, Léarscáil V2B-6.1 Bonneagar Glas agus Gorm: an 'scrobarnach agus coillearnach' atá imlínithe i mbuí a bhaint, mar seo a leanas:



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 55**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 6.1 - Bonneagar Glas agus Gorm, an léarscáil a leasú chun an limistéar a shainaithnítear mar 'Scrobarnach agus Coillearnach' (atá imlínithe i mbuí) a bhaint, mar seo a leanas:



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 56**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 6.1 - Bonneagar Glas agus Gorm, an léarscáil a leasú chun an limistéar a shainaithnítear mar Scrobarnach agus Coillearnach (atá imlínithe i mbuí) a bhaint, mar seo a leanas:



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 57**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-6.1 Bonneagar Glas agus Gorm, an léarscáil a leasú chun an fál sceach a théann go fiar trasna an tsuímh agus a roinneann an suíomh ina dhá chuid a bhaint, mar atá imlínithe i mbuí san íomhá thíos:




**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 58**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-8.1 Bearta Iompair, an léarscáil seo a leanas a chur in ionad na léarscáile atá ann cheana, lena ndéantar an eochair agus an mhapáil a nuashonrú chun iad a ailíniú le Tábla 8.2 sa Dréachtphlean, mar seo a leanas:






# Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún

## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 59

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún: 19.01 heicteár talún atá criosaithe mar 'I' – Talmhaíocht (a thaispeántar i hatseáil dhubh thíos) a bhaint de Phlean Lonnaíochta na Sollán agus teorainn dhearg an Phlean a leasú dá réir.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Mar thoradh air sin, déanfar athrú iarmhartach ar na léarscáileanna go léir (V2B-6.1 go V2B-10.2, an dá cheann san áireamh).




## Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 60

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.04 heicteár de thalamh atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' go 'C: Cónaithe Nua', (hatseáilte i ndubh) mar seo a leanas:



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 61**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.04 heictéar de thalamh atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' go 'U: Iompar agus Fóntais', (a shainaithnítear le líne bhriste bhuí) mar seo a leanas:




**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 62**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.38 heictéar de thalamh atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' go 'B: Tailte Cónaithe/ Inlíonta atá ann cheana', (a imlínítear le líne bhriste bhuí) mar seo a leanas:




**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 63**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Zónáil Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.4 heictéar de thalamh atá criosaithe mar 'MU: Úsáid Mheasctha' go 'MU*: Úsáid Mheasctha', (a shainaithnítear le líne bhriste bhuí) mar seo a leanas:



Caibidil 8 Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.4 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, déan leasú ar Chuspóir MATO 8.8, mar seo a leanas:

**MATO 8.8** A chinntiú go mbeidh rochtain ag feithiclí ar aon fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar 'MU*: Úsáid Mheasctha' atá díreach ó dheas ón stáisiún traenach ó fhorbairt na nUiscebhealaí.

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme Cuid 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún, Tábla 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún, cuir téacs breise isteach faoi 'MU: Úsáid Mheasctha, mar seo a leanas:

***Cuspóir a bhaineann go Sonrach leis an Láithreán***

*MU* - Maidir le Forbairt na dtailte ó dheas ón stáisiún traenach atá criosaithe mar MU*:*

- *Ní mór go mbeadh an fhorbairt comhdhéanta de thogra / chreatphlean dearaidh uirbigh ar ardchaighdeán, atá deartha dá chomhthéacs, agus lena n-áirítear struchtúir/foirgnimh a thacaíonn le hinléiteacht agus le treoshuíomh, a chruthaíonn éagsúlacht i dtírdhreach na ndíonta agus a chuireann le comhfhorbairt áite poiblí, go háirithe san áit a dtagann sé i dteagmháil leis an struchtúr cosanta.*
- *Suíomh na struchtúr cosanta ag Stáisiún Iarnróid na Sollán agus an Náis (B19-34 agus B19-35) a chosaint agus a fheabhsú.*
- *Éadanais ghníomhacha agus faireachas éighníomhach a sholáthar feadh theorainn theas an stáisiúin agus feadh Bhóthar na Sollán, go háirithe feadh an tsiúlbhealaigh do choisithe a nascann an bóthar leis an stáisiún traenach.*
- *Leagan amach tréscaoilteach agus nasctha a sholáthar lena n-éascaítear rochtain dhíreach do choisithe agus do rothaithe ar an stáisiún traenach.*
- *Solúbthacht a sholáthar i leagan amach na n-urlár talún ionas go mbeidh siad in ann freastal ar raon úsáidí le himeacht ama.*

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 64**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún (beidh athruithe iarmhartacha ar léarscáileanna eile, ar Thábla 2.4 agus ar Chuid 10.1.2 mar thoradh ar an athrú criosaithe seo): na tailte atá criosaithe (a thaispeántar le hatseáil dhubh) a leasú mar seo a leanas:

- Tailte atá criosaithe mar 'E: Pobal agus Oideachas' a chuimsíonn 0.27 heicteár, go 'C (1): Cónaithe Nua'.
- Tailte atá criosaithe mar 'C: Pobal agus Oideachas' a chuimsíonn 0.29 heicteár, go 'E: Pobal agus Oideachas' (is é 0.31 heicteár méid iomlán an láithreáin atá le criosú mar 'E').



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 65**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún (beidh athruithe iarmhartacha ar léarscáileanna eile, ar Thábla 2.4 agus ar Chuid 10.1.2) mar thoradh ar an athrú criosaithe seo): 'F: Spás Oscailte agus Áiseanna', a chuimsíonn 0.84 heicteár, go 'C (2): Cónaithe Nua' (a thaispeántar laistigh den teorainn bhuí), a leasú mar seo a leanas:




**Tabhair faoi deara:** Beidh athrú iarmhartach mar thoradh ar an leasú seo ar Fhíor 10.2: Creat Dearaidh Uirbigh an Bhóthair Cheangail.

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, Fíor 10.2 atá ann cheana a bhaint agus an méid seo a leanas a chur ina háit:

**Fíor 10.2: Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail *Creat Dearaidh Uirbigh***




Castlesize Cl
Sallins Park
St. Brigids Terrace
St. Brigids Terrace
Castlesize Dr
Clane Road - Main Street
Millbank
Millbank
Sallins Link Road
N
0
50
100 M
LEGEND
Site boundary
Existing water bodies
Existing vegetation
Existing community gardens
Existing bus stop
Existing cycle route
Open space
Vegetation/soft landscaping
Public space
Shared surface
Indicative building blocks
Active travel links
Playground
MUGA (Multi Use Game Area)
Local access

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail faoi Bhonneagar Glas agus Gorm, Spásanna Oscailte agus Draenáil Uisce Dromchla, cuir isteach mar an dara halt, mar seo a leanas:

> *Ba cheart go soláthrófaí príomhlimistéar spáis oscailte lárnach sa phríomhlimistéar forbartha, chun Limistéar Ilúsáide Cluichí uile-aimsire (MUGA) a chur san áireamh. In ainneoin úinéireacht iolrach ar na tailte laistigh den phríomhlimistéar forbartha, beidh scéim tírdhreachaithe chuimsitheach mar chuid de sholáthar an spáis oscailte atá deartha chun comhtháthú go hiomlán le gabháltas an phríomhlimistéir forbartha ar fad agus freastal air.*

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún, Tábla 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún, cuir cuspóir a bhaineann go sonrach le láithreán san áireamh mar seo a leanas:

| Tag | Úsáid | Cuspóir Criosaithe um Úsáid Talún |
|---|---|---|
| C | Cónaithe Nua | **Chun foráil a dhéanamh d'fhorbairt chónaithe nua.**<br>• C (1) – (C (5): Féach Tábla 2.5 Acmhainn Measta Forbraíochta Cónaithe.<br>• Féach ar Chuid 10 maidir le Príomhlimistéir Forbartha.<br><br>**<u>Cuspóir a bhaineann go Sonrach leis an Láithreán</u>**<br>***C (1) agus C (2)*** *(MUGA)* *Cuirfear limistéar cluichí ilúsáide ar fáil mar chuid d'fhorbairt na dtailte seo, faoina bhfuil bonn eolais curtha ag an gcreat dearaidh uirbigh don láithreán a dhéanann foráil do phríomhsholáthar an spáis oscailte.* |

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Phríomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, an tábla a leasú mar seo a leanas:

**10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail Achoimre Dhearaidh**

| Limistéar an Láithreáin | 0.41 heicteár (Criosaithe mar úsáid mheasctha: Úsáid Mheasctha)<br>3.3 heicteár (Criosaithe C (1): Cónaithe Nua<br>~~2.54~~ *3.38* heicteár (Criosaithe mar C (2): Cónaithe Nua<br>~~1.25~~ *0.41* heicteár (Criosaithe mar F: Spás Oscailte agus Conláiste)<br>0.63 heicteár (Criosaithe E: Pobal agus Oideachas) |
|---|---|
| **Limistéar carachtair uirbigh:** | Comharsanacht Uirbeach |

| | |
|---|---|
| **Glandlús táscach:** | 50 teaghais in aghaidh an heicteáir (Criosaithe mar úsáid mheasctha: Úsáid Mheasctha)<br>45 teaghais in aghaidh an heicteáir (C (1): Cónaithe Nua)<br>40 teaghais in aghaidh an heicteáir (C (2): Cónaithe Nua) |
| **Toradh Cónaithe Measta:** | ~~215~~ *242* aonad |

Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Cuid 2.3 Forbairt Cónaithe Chéimnithe 2029 agus ina dhiaidh sin, Tábla 2.4 Acmhainn Measta Forbraíochta Cónaithe, a leasú mar seo a leanas:

| Sonrú Criosaithe | Suíomh | Láithreán i Lorg Foirgnithe | Stádas Fóinteachta | Limistéar an Láithreáin (Heicteár) | Toradh Cónaithe Measta – Aonaid | Glan dlús (teaghaisí in aghaidh an heicteáir – dph) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| C2 | Bóthar Ceangail Príomhlimistéar Forbartha | Tá | Sraith 1 | ~~2.54~~ *3.38* | ~~81~~ *108* | 40 dph |

**Tabhair faoi deara:** Beidh leasuithe suntasacha ar an bPlean mar thoradh ar an Athrú Ábhartha Beartaithe lena n-áirítear Fíor 3.1 Straitéis Bonneagair Shóisialta.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 66**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar *1.06* heicteár de thalamh atá criosaithe mar E (3) go 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' (de réir mar a léirítear i haitseáil dhubh) mar seo a leanas:




Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar *0.65* heicteár de thalamh atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' go 'E: Pobal agus Oideachas' (de réir mar a léirítear i haitseáil dhubh) mar seo a leanas:



Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, Fíor 10.3 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail Thiar atá ann cheana a bhaint agus plean leasaithe maidir le Creat Dearaidh Uirbigh a chur ina áit:

**Fíor 10.3:** Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail Thiar *Creat Dearaidh Uirbigh*




N
River Liffey
Castlesize Walk
Castlesize Vale
Castlesize Dr
Parking
Expansion Area
Staff Parking
Parking
Primary School
Sallins Link Road
Existing wetland
Post Primary School
Millbank
Staff Parking
Expansion Area
Future link to Sallins Amenity Lands
0
50
100 M
LEGEND
Site boundary
Existing water bodies
Existing vegetation
Existing cycle route
Vegetation/soft landscaping
Shared surface
Public space
Open space
Indicative building blocks
Active travel links
Local access

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 67**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 10.1 Zónáil Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 3.23 heicteár de thalamh atá criosaithe mar 'I: Talmhaíocht' go 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' (de réir mar a léirítear i haitseáil dhubh) mar seo a leanas:




**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 68**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún (beidh leasuithe suntasacha ar léarscáileanna eile agus ar Thábla 2.4 agus ar Fhíor 3.1 mar thoradh ar an leasú criosaithe seo: Straitéis Bonneagair Shóisialta) leasú a dhéanamh ar 4.71 heictéar de thalamh atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' mar 'C (5): Cónaithe Nua (haitseáil dhubh) agus leasú a dhéanamh ar 1.2 heictéar de thalamh atá criosaithe mar 'C (5): Cónaithe Nua' mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste'.




Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Cuid 2.3 Forbairt Cónaithe Chéimnithe 2029 agus ina dhiaidh sin, Tábla 2.4 Acmhainn Measta Forbraíochta Cónaithe, a leasú mar seo a leanas:

| Sonrú Criosaithe | Suíomh | Láithreán i Lorg Foirgnithe | Stádas Fóinteachta | Limistéar an Láithreáin (Heictéa | Toradh Cónaithe Measta – Aonaid | Glan dlús (teaghaisí in aghaidh an heicteáir – dph) |
|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | r) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| C5 ~~(1)~~ | Na Saileoga~~*~~ | Níl | Sraith 1 | ~~16.55~~ *20.06* | ~~794~~ *999*[13] | 60 dph |

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.4 Príomhlimistéar Forbartha na Saileog a leasú mar seo a leanas:

**Cuid 10.1.4:** Príomhlimistéar Forbartha na Saileog *Achoimre Dhearaidh*

| | |
|---|---|
| **Limistéar an Láithreáin:** | ~~16.55~~ *20.06* Heicteár (criosaithe mar C (5): Cónaithe Nua) |
| | ~~26.38~~ *23.04* Heicteár (criosaithe mar F: Spás Oscailte agus Conláiste |
| **Limistéar Carachtair Uirbigh:** | Imeall fo-uirbeach inrochtana |
| **Glandlús táscach:** | 60 teaghais in aghaidh an heicteáir (C (5): Cónaithe Nua) |
| **Toradh Cónaithe Measta:** | ~~794~~ *999* aonad |

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.4 Príomhlimistéar Forbartha na Saileog, bain Fíor 10.4 Príomhlimistéar Forbartha na Saileog agus cuir creat dearaidh uirbigh athbhreithnithe ina háit, déan leasú mar seo a leanas:



**Fíor 10.4:** Príomhlimistéar Forbartha na Saileog *Creat Dearaidh Uirbigh*



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 69**

Aguisín A - Léarscáileanna, Léarscáil V2B - 10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.63 heicteár de thalamh atá criosaithe mar ‘F: Spás Oscailte agus Conláiste’ E(3) go ‘C (6): Cónaithe Nua’ (de réir mar a léirítear i haitseáil dhubh) mar seo a leanas:




Caibidil 2 Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara, Cuid 2.3 Forbairt Cónaithe Chéimnithe 2029 agus ina dhiaidh sin, Tábla 2.4 Acmhainn Measta Forbraíochta Cónaithe, ró breise a chur isteach mar seo a leanas:

| Sonrú Criosaithe | Suíomh | Láithreán i Lorg Foirgnithe | Stádas Fóinteachta | Limistéar an Láithreáin (Heicteár) | Toradh Cónaithe Measta – Aonaid | Glan dlús (teaghaisí in aghaidh an heicteáir – dph) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *C6* | *Páirc an tSeandroichid* | *Níl* | *-* | *0.63* | *28* | *45 dph* |

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.8 Cuspóirí Oidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta, cuspóir nua a chur isteach mar seo a leanas:

***GBIO X.X*** *Cosain agus feabhsaigh na tailte atá criosaithe ‘F: Spás Oscailte agus Conláiste’ atá tadhlach leis na tailte ‘C: Cónaithe Nua’ ag Páirc an tSeandroichid trína cheangal go soláthrófar maolán nádúrtha le slánachar íosta 40 méadar ó theorainn thiar an láithreáin. Coinneofar an maolán mar spás conláiste nádúrtha, saor ó rochtain feithiclí, bóithre, nó forbairt tógtha, chun comhéadan glas ar ardchaighdeán a chruthú idir na húsáidí talún atá ann cheana agus iad siúd atá beartaithe.*

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar

Fostaíochta, déan Fochuid nua 10.1.5 Forbairt Tithíochta Pháirc an tSeandroichid agus Fíor 10.5 Creat Dearaidh Uirbigh Fhorbraíocht Tithíochta an tSeandroichid a bhaineann léi a chur isteach, (beidh athuimhriú na coda seo a leanas sa Phlean mar leasú iarmhartach mar thoradh air seo) mar seo a leanas:

***Cuid 10.1.5 Achoimre Dhearaidh Phríomhlimistéar Forbartha Pháirc an tSeandroichid***

| | |
|---|---|
| ***Limistéar an láithreáin:*** | *0.83 Heicteár (criosaithe F: Spás Oscailte agus Conláiste)*<br>*0.68 Heicteár (criosaithe C (6): Cónaithe Nua)* |
| ***Limistéar carachtair uirbigh:*** | *Síneadh Uirbeach* |
| ***Glandlús táscach:*** | *45 dph (C (6): Cónaithe Nua)* |
| ***Toradh cónaithe measta:*** | *28 Aonad* |

***Fís***
*Chun foráil a dhéanamh maidir le síneadh uirbeach inbhuanaithe a chruthú lena gcuimseofar forbairt chónaithe nua ar ardchaighdeán agus lena ndaingneofar an chomharsanacht atá ann cheana agus lena gcruthófar spás poiblí oscailte ar ardchaighdeán.*

***Foirm Thógtha agus Struchtúr Uirbeach***
*Ba cheart go ndearfaí an fhoirm thógtha mar shíneadh ar an gcomharsanacht mháguaird atá ann cheana féin, agus chun foráil a dhéanamh do spás glas oscailte ar ardchaighdeán. Ba cheart go gcuirfeadh an dearadh ceangail thábhachtacha san oirthear ar fáil le comharsanacht Pháirc an tSeandroichid atá ann cheana agus ó dheas le Teach na nGasóg.*

*Ba cheart leagan amach foriomlán na foirme uirbí a bheith inléite agus tréscaoilteach; chun é sin a bhaint amach, ba cheart méid an bhloic uirbigh a bheith chomh fada agus is féidir, idir 80-120 méadar de réir Threoirlínte DMURS. Le héadain na bhfoirgneamh atá beartaithe, ba cheart faireachas éighníomhach a sholáthar do limistéir spáis phoiblí agus do naisc taistil ghníomhacha.*

***Nascacht agus Gluaiseacht***
*Soláthrófar rochtain feithiclí ar an bhforbairt chónaithe trí Pháirc an tSeandroichid. Ba cheart go soláthródh an Príomhlimistéar Forbartha timpeallacht atá oiriúnach do choisithe agus do rothair trí naisc taistil ghníomhacha a chruthú a nascann le Glasbhealach na Canálach Móire agus Páirc an tSeandroichid san oirthear chun tréscaoilteacht a chur chun cinn.*

*Ba cheart radharc a bheith ar na sráideanna, ar na naisc taistil ghníomhacha agus ar an spás poiblí ó fhoirm thógtha an phríomhlimistéir forbartha. Ionchorprófar dé-aghaidheanna i bhfoirgnimh ar láithreáin chúinne chun foráil a dhéanamh maidir le faireachas éighníomhach.*

***Bonneagar Glas agus Gorm, Spásanna Oscailte agus Draenáil Uisce Dromchla*** *Ba cheart don fhorbairt bheartaithe na gnéithe nádúrtha atá ann cheana a chomhtháthú, a chosaint agus a fheabhsú sa dearadh foriomlán, lena n-áirítear fálta sceach agus crainn atá ann cheana chun an bhithéagsúlacht agus na líonraí bonneagair glasa atá ann cheana a chosaint. Cuirfidh na gnéithe sin le carachtar na háite; cuirfidh siad mothú áite agus tarraingteacht amhairc ar fáil don chomharsanacht nua.*

*Ní mór slánachar íosta 40 méadar ó theorainn thiar an láithreáin a sholáthar de réir*

*Chuspóir GBIO 6.X. Beidh dearadh tírdhreacha ar ardchaighdeán, limistéir súgartha nádúrtha agus plandú speiceas crann dúchasach mar aon le fásra atá neamhdhíobhálach do phailneoirí sa spás seo.*

*Tabharfar tosaíocht do réitigh dhúlrabhunaithe ar bhainistiú uisce dromchla laistigh den Phríomhlimistéar Forbartha agus déanfar iad a ailíniú le Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla na Sollán agus le Treoirdhoiciméad Chomhairle Contae Chill Dara maidir le Córais Draenála Inbhuanaithe (2024), de réir Chuspóir IEO 9.5 agus Chuspóir IEO 9.6 den Phlean.*

***Teorainneacha agus Cóireálacha Iontrála***

*Ba cheart go mbeadh bealaí isteach feithiclí agus coisithe ar an bhforbairt íosta le tuiscint ar theacht a bhaintear amach ó leagan amach na foirme tógtha agus ní ón mbealach isteach féin.*

***Fíor 10.5:*** *Creat Dearaidh Uirbigh Phríomhlimistéar Forbartha Pháirc an tSeandroichid*


N
Natural Playground
Oldbridge Park
Oldbridge Park
Oldbridge Park
Grand Canal
Greenway
0
25
50 M
LEGEND
Site boundary
Existing water bodies
Existing vegetation
Open space
Vegetation/soft landscaping
Indicative building blocks
Active travel links
Local access

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 70**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.26 heicteár (haitseáilte i ndubh) de thalamh atá criosaithe mar 'F: Spás Oscailte agus Conláiste' go 'B: Tailte Cónaithe / Inlíonta atá ann cheana', mar seo a leanas:




**Tabhair faoi deara:** Léiríodh an t-athrú criosaithe le Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún mar léarscáil bhunsraithe chomh maith, agus léirítear an toradh a bheadh ann dá nglacfaí leis an athrú san íomhá ar thaobh na láimhe deise.

**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 71**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 2.08 heicteár (haitseáilte i ndubh) de thalamh atá criosaithe mar 'I: Talmhaíocht' go 'B: Tailte Cónaithe / Inlíonta atá ann cheana', mar seo a leanas:



**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 72**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 6.48 heicteár (haitseáilte) mar atá thíos:

- 'E: Oideachas' (0.24 heictéar) go 'C: Cónaithe Nua'
- 'B: Tailte Cónaithe / Inlíonta atá ann cheana' (0.22 heicteár) go 'C: Cónaithe Nua'
- 'I: Talmhaíocht ' (5.54 heictéar) go 'C: Cónaithe Nua'
- 'I: Talmhaíocht ' (0.46 heicteár) go 'U: Iompar agus Fóntais'
- 'I: Talmhaíocht' (0.02 heictéar) go 'F: Spás Oscailte agus Conláiste'




**Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 73**

Aguisín A – Léarscáileanna, Léarscáil V2B-10.1 Criosú Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 6.5 heicteár (haitseáilte i ndubh) de thalamh atá criosaithe mar 'H: Tionscal agus Trádstóráil' go 'C: Cónaithe Nua', mar seo a leanas:



## Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte – Doiciméad tacaíochta le hAthrú Beartaithe Uimh. 6 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)

### Athrú Ábhartha Beartaithe Uimh. 74

Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla, Caibidil 1.4 Treoir Infheidhme, téacs breise a chur isteach mar seo a leanas:

> *LAWPRO Cur chun feidhme Réiteach Uirbeach Dúlrabhunaithe - Treoirdhoiciméad do Phleanálaithe, Forbróirí agus Gníomhairí Forbróirí 'Cur Chun Feidhme Réiteach Uirbeach Dúlrabhunaithe.*

# Cuid 3 Liosta d'Athruithe Neamhábhartha agus d'Earráidí Cló

## 3.1 Athruithe Neamhábhartha

Bhí mionathruithe ar an Dréachtphlean i líon Moltaí de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh a shonraítear i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh dar dáta an 16 Meitheamh 2026 mar thoradh ar na haighneachtaí a fuarthas le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí.
Meastar go bhfuil na hathruithe seo neamhábhartha; mar sin féin, tá sé tábhachtach iad a thabhairt faoi deara agus sonraítear iad mar sin a leanas thíos. Déanfar na hathruithe neamhábhartha ar fad ar an Dréachtphlean tar éis an t-athrú a dhéanamh.

**Athrú Neamhábhartha Uimh. 1**

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.4 Mapáil an Bhonneagair Ghlais agus Ghoirm, cuir téacs breise isteach mar seo a leanas:

> Chuir Suirbhé ar Ghnáthóga agus Suirbhé maidir le Mapáil an Bhonneagair Ghlais bonn eolais faoi ullmhú Phlean Ceantair Áitiúil na Sollán 2016-2022 (LAP). ~~Tar éis athbhreithniú iomlán agus suirbhé láithreáin, tugadh an mhapáil sin cothrom le dáta agus cuireadh bonn eolais faoi ullmhú Phlean Lonnaíochta na Sollán ina dhiaidh sin.~~ *Mar chuid d'ullmhú Phlean Lonnaíochta na Sollán, rinneadh athbhreithniú ~~iomlán~~ ar Mhapáil an Bhonneagair Ghlais atá ann cheana agus suirbhé an láithreáin in 2025/2026. Ina dhiaidh sin, chuir an suirbhé seo bonn eolais faoi ullmhú léarscáile an Bhonneagair Ghlais agus Ghoirm atá in éineacht leis an bPlean Lonnaíochta agus a chuireann bonn eolais faoi.*
> Dá réir sin, sainaithnítear i Léarscáil V2B-6.1 (Bonneagar Glas agus Gorm) na sócmhainní bonneagair ghlais agus ghoirm laistigh de na Solláin, lena n-áirítear Abhainn na Life, an Chanáil Mhór, *an líne iarnróid,* coillearnacha, raingléis, príomhlimistéir bonneagair ghlais, agus an líonra fairsing fálta sceach.

**Athrú Neamhábhartha Uimh. 2**

Caibidil 6 Bonneagar Glas agus Gorm, Cuid 6.8 Cuspóirí Oidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta, Cuspóir GBIO 6.1 a leasú mar seo a leanas:

> *(a)* Bonneagar Glas agus Gorm sainaitheanta a chosaint agus a fheabhsú *(*Léarscái~~l~~ V2B-6.1 ~~(~~Bonneagar Glas agus Gorm) a chosaint agus a fheabhsú agus cosc a chur ar fhorbairtí a dhéanfadh gréasán an Bhonneagair Ghlais agus Ghoirm laistigh de limistéar an Phlean a ilroinnt nó a dhíghrádú ar shlí eile.
> *(b)* Bainfidh forbairtí nua úsáid iomchuí as bonneagar glas atá ann cheana agus bonneagar glas nua mar uirlis riachtanach dearaidh uirbigh agus comhfhorbartha áite chun foirm thógtha a chomhtháthú ina gcomhthéacsanna máguaird.
> *(c)* Ba cheart suirbhéanna éiceolaíochta a bhaineann go sonrach leis an láithreán a dhéanamh chun tionchair éiceolaíochta a d'fhéadfadh a

bheith ag aon fhorbairt agus tógáil atá beartaithe a chur in iúl, a mheasúnú agus a mhaolú.

**Athrú Neamhábhartha Uimh. 3**

Caibidil 8, Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach, Cuid 8.3 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, Tábla 8.2 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, cuir téacs breise isteach faoi PT 7, mar seo a leanas:

| Iompar Poiblí | | |
|---|---|---|
| PT 7 | Tosaíocht Bus<br>Droichead *Modhanna* Taistil Inbhuanaithe | Fadtéarmach (6-10 mBliana) |

**Athrú Neamhábhartha Uimh. 4**

Caibidil 10 Cur Chun Feidhme, Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail, cuir tagairt don Tábla agus ceannteideal Fhíor 10.2 isteach, mar seo a leanas:

**10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail**
***Tábla X*** *Achoimre Dhearaidh Phríomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail*

**Fíor 10.2:** Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail *Creat Dearaidh Uirbigh*

**Tabhair faoi deara:** Cuirfear an tagairt don Tábla agus don Fíor seo i bhfeidhm ar achoimrí dearaidh agus creataí dearaidh uirbigh uile an phríomhlimistéir forbartha i gCaibidil 10.

## 3.2 Liosta na nEarráidí Cló

Luaitear na hearráidí cló seo a leanas in Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán). Tá ceartú na n-earráidí seo neamhábhartha a dhéanfar ar an Dréachtphlean tar éis an t-athrú a dhéanamh.

**Caibidil 1 – Réamhrá agus Comhthéacs**

**Earráid Chló Uimh. 1**
**Cuid 1.2 An cur chuige a glacadh agus an Plean seo á Fhoirmliú:**
I measc na dtuarascálacha comhshaoil a foilsíodh in éineacht leis an bPlean tá Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnú Cuí (AA), Tuarascáil ar Scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST), ~~aguisín a ghabhann leis an~~ Tuarascáil ar an Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte (MRST) agus Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla. Ba cheart na tuarascálacha spriocdhírithe sin a iniúchadh i gcomhthéacs na dtuarascálacha comhshaoil a ghabhann le CDP.

**Earráid Chló Uimh. 2**
**Cuid 1.4 Próifíl Shochdhéimeagrafach, Fochuid 1.4.1 Próifíl an Daonra:** Le 30 bliain anuas, tá méadú suntasach tagtha ar dhaonra na Sollán. Tharla an t-athrú ba shuntasaí idir 1996 agus 2002, nuair a tháinig méadú faoi 242% ar an daonra ó ~~843~~ *854* duine go 2,922 duine is féidir a chur i leith athoscailt an stáisiúin iarnróid in 1994 agus méadú gaolmhar ar thógáil tithe sna 1990idí (féach Tábla 1.1 ar an

taobh eile den leathanach). Tugtar faoi deara freisin gur mhéadaigh na Solláin níos mó ná dhá oiread a dhaonra ó 2,922 duine sa bhliain 2002 go 6,269 duine a taifeadadh i nDaonáireamh 2022.

**Earráid Chló Uimh. 3**
**Cuid 1.4 Próifíl Shochdhéimeagrafach, Fochuid 1.4.6 Díth Shóisialta:**
Taifeadadh in Innéacs Díothachta Pobal Trutz Haase agus Jonathon Pratschke (HP) le haghaidh 2022 go bhfuil na Solláin agus an chúlchríoch díreach ó thuaidh agus soir aicmithe den chuid is mó mar 'Beagán os cionn an Mheáin' i dtéarmaí socheacnamaíocha (féach (~~Fíor 1.6~~ *Fíor 1.5* thíos). Déantar cnuasach de thrí limistéar bheaga sa limistéar is dlúithe daonra ag ceann thuaidh an bhaile a chatagóiriú mar 'Beagán Faoi Bhun an Mheáin'. Tá limistéar amháin a aicmítear mar 'An-Flúirseach' i limistéar oirdheisceart an bhaile. Déantar na limistéir eile den bhaile agus den chúlchríoch siar agus ó dheas den bhaile a chatagóiriú mar 'Flúirseach'.

**Earráid Chló Uimh. 4**
**Cuid 1.4 Próifíl Shochdhéimeagrafach, Fochuid 1.4.6 Díth Shóisialta:** Léiríonn *próifíl* shochdhéimeagrafach na Sollán lonnaíocht atá ag fás le daonra réasúnta óg a bhfuil leibhéal ard gnóthachtála oideachais acu i gcomparáid le daonra Chontae Chill Dara agus an Stáit. Baineann an leibhéal measartha ard gnóthachtála oideachais le leibhéil fostaíochta níos airde agus léiríonn sé an lucht saothair gairmiúil agus oilte atá ina gcónaí sa cheantar. Chuir naisc inrochtaineachta an bhaile le mórionaid fostaíochta le fás an daonra agus le forbairt chónaithe lena n-áirítear cion ard de theaghlaigh chomh maith le cion ard de theaghlaigh duine amháin agus de theaghlaigh bheirte.

**Earráid Chló Uimh. 5**
**Cuid 1.5 Forléargas ar na Príomhcheisteanna a théann i bhfeidhm ar Fhorbairt na Sollán, Tábla 1.5 Anailís SCOT na Sollán:**

| | |
|---|---|
| **Deiseanna** | • Claochlú a dhéanamh ar thailte tearcúsáidte agus folmha i lár an bhaile.<br>• Tairbhe a bhaint as suíomh straitéiseach an bhaile feadh Ghlasbhealach na Canálach Móire chun an bonn turasóireachta atá ann cheana a leathnú agus fiontair turasóireachta ar mhionscála a chur chun cinn chun geilleagar áitiúil agus beogacht an bhaile a neartú.<br>• Neamhthuilleamaíocht do na Solláin a chur chun cinn trí fhorbairt eacnamaíoch nua a spreagadh agus tacú léi i gcás ina bhfónann sé chun lár an bhaile a chomhdhlúthú agus ina gcuireann sé leis an bhfabraic thógtha atá ann cheana trí thailte fostaíochta a fhorbairt chun ainmniú an bhaile mar chuid de Bhraisle Eacnamaíoch na Sollán-an Náis-Dhroichead Nua a chomhlíonadh.<br>• Acmhainneacht Ghlasbhealach na Canálach Móire mar *bhealach* taistil ghníomhaigh straitéiseach lena gcinntítear go mbeidh rochtain ag cónaitheoirí ar bhealach taistil agus fóillíochta ísealcharbóin ar ardchaighdeán *chuig* ~~agus~~ lena neartaítear an nasc idir comharsanachtaí áitiúla agus príomhchonláistí.<br>• Deiseanna a eascraíonn as na tailte i Máistirphlean Cheathrú an Iarthuaiscirt a fhorbairt lena n-áirítear naisc iompair atá beartaithe idir na tailte agus Stáisiún Iarnróid an Náis-na Sollán. |

**Caibidil 2 - Comhlíonadh Chroístraitéis Chontae Chill Dara Earráid Chló Uimh. 6**
**Cuid 2.3 Forbairt Cónaithe Chéimnithe 2029 agus ina dhiaidh sin, Fochuid 2.3.2 Airde Foirgneamh:**

~~Sainaithnítear sa Phlean seo tailte atá criosaithe agus tailte atá criosaithe mar MU: Úsáid Mheasctha atá suite ó dheas ó Stáisiún Iarnróid na Sollán agus an Náis agus in aice leis mar a bheith oiriúnach chun foirgnimh níos airde a chomhtháthú atá níos airde ná na hairdí foirgnimh atá i réim sna Solláin, faoi réir dearadh agus aitheantas ardchaighdeáin na timpeallachta glactha.~~

**Caibidil 3 - Bonneagar Sóisialta Earráid Chló Uimh. 7**
**Cuid 3.2 Achoimre ar Riachtanais Bonneagair Shóisialta:**
Leagtar amach i dTábla 3.1 forbhreathnú ar cheanglais bonneagair shóisialta na Sollán go dtí deireadh thréimhse an Phlean agus ina dhiaidh sin de réir mar a chinntear leis an Iniúchadh ar Bhonneagar Sóisialta. Leagtar amach i bhFíor 3.1 freisin suíomh táscach le haghaidh ~~gach ceann~~ *cúpla ceann* de na téamaí a shonraítear i dTábla 3.1.

**Earráid Chló Uimh. 8**
**Cuid 3.2 Achoimre ar Riachtanais Bonneagair Shóisialta, Tábla 3.1: Achoimre ar Riachtanais Bonneagair Shóisialta:**

| Bonneagar atá ann cheana | Ceanglais Shonracha maidir le Bonneagar Sóisialta | Áit Shainaitheanta | Sásra Seachadta |
|---|---|---|---|
| **Oideachas** | | | |
| 0 Iar-bhunscoil | 996 duine d'áiteanna iar-bhunscoile do dhaltaí. | Tá na tailte 'E2: Pobal agus Oideachas' sainaitheanta agus criosaithe le haghaidh iar-bhunscoile.[3] | An Roinn Oideachais agus Óige |

**Earráid Chló Uimh. 9**
**Cuid 3.3 Cuspóirí Bonneagair Shóisialta, Cuspóir SIO 3.1:**

**SIO 3.1** Tacú le feabhsú agus leathnú na saoráidí bunscoile atá ann cheana féin agus iad a éascú, lena n-áirítear oideachas ~~riachtanas~~ speisialta *riachtanais* agus soláthar scoileanna nua agus deiseanna breise oideachais a d'fhéadfadh teacht chun cinn, in áiteanna iomchuí.

3 Bainfidh an iar-bhunscoil leas as an spás oscailte agus na spásanna áineasa a bhaineann le tailte Conláiste na Sollán.

**<u>Caibidil 4 - Athghiniúint Lár an Bhaile agus Cáilíocht Áite a Sheachadadh</u>**

**Earráid Chló Uimh. 10**
**Cuid 4.1 Tosaíocht a Thabhairt don Lár, leasú a dhéanamh ar an dara halt agus fonóta a scriosadh mar seo a leanas:**
Tá inmharthanacht, tarraingteacht agus rathúnas eacnamaíoch lár an bhaile ríthábhachtach do chur chuige beartais Lár Bailte ar dtús an Rialtais. Aithníonn an cur chuige seo an tábhacht a bhaineann le lár an bhaile chun forbairt eacnamaíoch a chumasú trí shruthanna maoinithe amhail an ~~Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU)[16]~~ *Ciste Infheistíochta Athghiniúna do Bhailte agus do Chathracha, a seoladh an 5 Márta 2026.*

~~[16] Luaitear i gClár Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú, go mbunófaí Ciste Infheistíochta Bonneagair do Bhailte agus do Chathracha le cur in ionad Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU).~~

**<u>Caibidil 7 - Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht</u>**

**Earráid Chló Uimh. 11**
**Cuid 7.2 Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint (RPS), Tábla 7.1 Struchtúir faoi Chosaint sna Solláin:**

| Uimh. RPS | Uimh. NIAH | Ainm agus Suíomh an Struchtúir | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| B19-55 | N/B | ~~435~~ *433* Ardán an Iarnróid | Teach |

**<u>Caibidil 8 - Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach</u>**

**Earráid Chló Uimh. 12**
**Cuid 8.3 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh, Tábla 8.2 Gluaiseacht agus Bearta Taistil Ghníomhaigh:**

| Beart Uimh. | Beart | Tréimhse Ama Seachadta |
|---|---|---|
| **Tréscaoilteacht** | | |
| P 65 | Cosán a chruthú ar bhóithre atá ann cheana féin chun Teachíní Bhaile Osbeird – Bóthar Bhaile Osbeird – Glasbhealach Bhrainse an Náis – Seachbhóthar na Sollán a cheangal | Fadtéarmach (6-10 mBliana) |

**<u>Caibidil 10 – Cur Chun Feidhme</u>**

**Earráid Chló Uimh. 13**
**Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.2 Príomhlimistéar Forbartha an Bhóthair Cheangail:**
**Foirm Thógtha agus Struchtúr Uirbeach**
Ba cheart go mbeadh an cur chuige ailtireachta íogair agus ar ardchaighdeán, ag freagairt go cuí do struchtúr cosanta an Tí Feirme Baile atá suite siar ó dheas ón láithreán agus ó dheas ó Bhóthar Ceangail na Sollán. Ba cheart go gcruthódh an fhorbairt pointe fócasach láidir ag cúinne na Príomhshráide agus Bhóthar Ceangail na Sollán, a mheallann líon na gcustaiméirí agus gníomhaíocht i dtreo na bhforbairtí

úsáide measctha atá ann cheana agus atá beartaithe sa chuid thoir theas den láithreán. Is seirbhísí miondíola áitiúla/seirbhísí miondíola iad na húsáidí atá beartaithe, mar aon le húsáidí tráchtála malartacha amhail oifigí, saoráidí leighis agus ~~sláinte~~ *cúraim sláinte*. Ba cheart go mbeadh áit fheiceálach ag an naíolann laistigh den fhorbairt, ba cheart faireachas éighníomhach, rochtain shábháilte ghníomhach taistil agus socruithe áisiúla fágála feithiclí a ionchorprú inti.

**Earráid Chló Uimh. 14**
**Cuid 10.1 Príomhlimistéir Forbartha agus Limistéar Fostaíochta, Fochuid 10.1.5 Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain:**
Bonneagar Glas, Tírdhreac~~h~~ú agus Draenáil Uisce Dromchla

**Earráid Chló Uimh. 15**
**Cuid 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair, Tábla 10.2 Sceideal Cur chun Feidhme agus Seachadta Bonneagair:**

| **Príomhlimistéar Forbartha an Tí Feirme Baile (KDA) – A: Lár an Bhaile** | | |
|---|---|---|
| **An Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Seachadta** | **Foinse Maoinithe** |
| Spás Oscailte | | |
| Soláthar spáis phoiblí nua ar an láithreán agus in aice le ~~Glasbhealach na Canálach Ríoga~~ *Glasbhealach na Canálach Móire*. | I bpáirt leis an bhforbairt nua. | Forbróir |

**Earráid Chló Uimh. 16**
**Cuid 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún, Tábla 10.3 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún:**

| | | |
|---|---|---|
| **H** | **Tionscal agus Ollstóráil** | **Chun soláthar a dhéanamh do mhonarú, ollstóráil agus forbairt thionsclaíoch.** Limistéar Fostaíochta Bhaile Bhuadain *Creat Dearaidh Uirbigh* (féach ar Chuid 10). |

# Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh.6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)

## Aguisín 1: Léarscáileanna

4 Lúnasa 2026

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

Is le Comhairle Contae Chill Dara na híomhánna,
na léarscáileanna agus na léaráidí go léir, mura luaitear a mhalairt.

Comhairle Contae Chill
Dara, An Roinn Pleanála,
Áras Chill Dara,
Páirc Uí Dhubhuí, An
Nás, Contae Chill Dara,
W9 X77F




Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Draft Sallins Settlement Plan

**County Development Plan 2023-2029 (as varied)**

## Legend

- Draft Settlement Plan Boundary
- Neighbouring Plan Boundary
- Hedgerows and Tree Lines
- Wetlands
- Trees To Be Preserved
- Scrub and Woodland
- Proposed Natural Heritage Area (site code: 002104)

### Blue Infrastructure

- Grand Canal – Main Line and Corbally Branch
- River Liffey and Tributaries
- Ditches/Streams
- Train Station

### Green Infrastructure Corridors

- Grand Canal
- Railway Corridor
- River Liffey
- Green Infrastructure Links to Strengthen the Network

| Stage | Date | Description |
| --- | --- | --- |
| Draft | 22/04/2026 | Draft Plan Published |
| Material Alterations | 04-08-2026 | Proposed Material Alterations Published |

## Green and Blue Infrastructure:
**Proposed Material Alteration No. 53**

| | | | |
| --- | --- | --- | --- |
| Scale: | N.T.S. | Map Ref: | V2B-6.1 |
| Date: | July 2026 | Drawing No.: | 200-26-1548 |

| | | |
| --- | --- | --- |
| Drawn By: C Fitzpatrick Date: 28/07/2026 | Checked By: M O'Loughlin Date: 28/07/2026 | Approved By: N Curran Date: 28/07/2026 |

**This drawing is to be read in conjunction with the written statement**




Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

## Draft Sallins Settlement Plan

**County Development Plan 2023-2029 (as varied)**

### Legend

- Draft Settlement Plan Boundary
- Neighbouring Plan Boundary
- Hedgerows and Tree Lines
- Wetlands
- Trees To Be Preserved
- Scrub and Woodland
- Proposed Natural Heritage Area (site code: 002104)

**Blue Infrastructure**

- Grand Canal – Main Line and Corbally Branch
- River Liffey and tributaries
- Ditches/Streams
- Train Station

**Green Infrastructure Corridors**

- Grand Canal
- Railway Corridor
- River Liffey
- Green Infrastructure Links to Strengthen the Network

| Stage | Date | Description |
|---|---|---|
| Draft | 22/04/2026 | Draft Plan Published |
| Material Alterations | 04-08-2026 | Proposed Material Alterations Published |

## Green and Blue Infrastructure:

**Proposed Material Alteration No. 54, 55, 56, 57**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scale: | N.T.S. | Map Ref: | V2B-6.1 |
| Date: | July 2026 | Drawing No.: | 200-26-1548 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Drawn By: C Fitzpatrick Date: 28/07/2026 | Checked By: M O'Loughlin Date: 28/07/2026 | Approved By: N Curran Date: 28/07/2026 |

**This drawing is to be read in conjunction with the written statement**




Proposed Material Alterations shown thus

**Comhairle Contae Chill Dara**
Kildare County Council

**Draft Sallins Settlement Plan**
**County Development Plan 2023-2029**
**(as varied)**

**Legend:**

Draft Settlement Plan Boundary

**Public Transport**

- Proposed bus priority option
- Indicative proposed new bus stops
- Existing bus stops
- Indicative Central Spine (PT3)
- Indicative Western Spine (PT4)
- Indicative Eastern Spine (PT5)
- Train Station

**Permeability**

- New footpath on road
- New pedestrian cyclist path
- New Active Travel Bridge
- Sustainable Travel Modes Bridge
- Existing Greenway
- Proposed Greenway

**Cycling**

- Proposed cycle track / cycle lane
- Proposed shared street improvement
- Neighbouring Plan Boundary

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart an léarscáil seo a léamh i dteannta le **Tábla**

| Stage | Date | Description |
|---|---|---|
| Draft | 22/04/2026 | Draft Plan Published |
| Material Alterations | 04-08-2026 | Proposed Material Alterations Published |

## Transportation Measures:
**Proposed Material alteration No. 58**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scale: | N.T.S. | Map Ref: | V2B-8.1 |
| Date: | July 2026 | Drawing No.: | 200-26-1547 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tailte Éireann data reproduced under licence number CYAL50510767 © Tailte Éireann – Survey Ireland | Drawn By: C Fitzpatrick Date: 28/07/2026 | Checked By: M O'Loughlin Date: 28/07/2026 | Approved By: N Curran Date: 28/07/2026 |

**This drawing is to be read in conjunction with the written statement**




Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Draft Sallins Settlement Plan

**County Development Plan 2023-2029 (as varied)**

## Legend:

**Sallins Local Area Plan 2016 - 2022**

**Neighbouring Local Area Plans**

**Draft Settlement Plan Boundary**

- Draft Settlement Plan boundary
- Built-Up Footprint Boundary

**Land Use Zonings**

- A — Town Centre
- B — Existing Residential / Infill
- C(1 - 5) — New Residential
- E(1 - 3) — Community and Education
- F(1) — Open Space and Amenity
- H — Industry and Warehousing
- I — Agriculture
- MU — Mixed Use
- R — Commercial and Retail
- SR — Strategic Reserve
- U — Transport and Utilities
- Neighbouring Plan Boundary
- 100m Buffer from the River Liffey
- Pond
- River / Canal
- 400m Intervals from the Train Station

| Stage | Date | Description |
|---|---|---|
| Draft | 22-04-2026 | Draft Plan Published |
| Material Alterations | 04-08-2026 | Proposed Material Alterations Published |

## Land Use Zoning
(Proposed Material Alterations)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scale: | N.T.S. | Map Ref: | V2B-10.1 |
| Date: | July 2026 | Drawing No.: | 200-26-1544 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| [illegible] | Drawn By: C. Fitzpatrick Date: 28-07-2026 | Checked By: M O'Loughlin Date: 28-07-2026 | Approved By: N Curran Date: 28-07-2026 |

**This drawing is to be read in conjunction with the written statement**